



Córas Iompair Éireann

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

2003



Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	1
Athbhreithniú ar Oibríochtaí	6
Struchtúr an Ghrúpa	16
Comhaltaí an Bhoird agus an Ghrúpa Bainistíochta	17
Ráiteas Rialála Corparáidí	18
Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	20
Tuarascáil na nIniúcháirí	21
Príomh-Bheartais Chuntasaíochta	22
An Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais	24
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	25
Clár Comhardaithe na Cuideachta	26
Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid	27
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	28



Ba mhian le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt do Rialtas na hÉireann as maoiniú do mhórhionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 chomh maith le haitheantas a thabhairt do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

Ráiteas an Chathaoirligh

Leanann athrú bunúsach ar an dearcadh ar iompar poiblí as infheistíocht chiallmhar

Tháinig sochair shuntasacha i rith 2003 as an úsáid chiallmhar a bhain grúpa Chóras Iompair Éireann as acmhainní infheistíochta faoi Phlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais 2000-2006.

Lean athrú bunúsach ar dhearcadh na ndaoine ar iompar poiblí as infheistíocht a rinneadh i dtraenacha, busanna agus bonneagar nua. Tá níos mó daoine ag baint úsáide anois as iompar poiblí ná mar a bhí ag aon tráth le 25 bliana.

Mar thoradh ar an úsáid straitéiseach leanúnach a bhain an Grúpa as acmhainní infheistíochta i rith na bliana bhí comharthaí soiléire ann d'fheidhmíocht fheabhsaithe agus d'acmhainn mhéadaithe ó thaobh sheirbhísí iarnróid agus bus. Ní áibhéal é a rá, dá bharr sin, go bhfuil an bhonnchloch leagtha do ré nua in iompar poiblí in Éirinn.

Tá sé rithábhachtach, d'fhás eacnamaíoch fadtéarmach na hÉireann agus do nós saoil inbhuanaithe na sochaí, go mbainfeadh níos mó daoine úsáid as iompar poiblí. Tá fianaise shoiléir anois ann go bhfuil sé sin ag tarlú. Maidir leis sin, beidh grúpa CIÉ ag obair go dian, sna blianta atá le teacht, chun éifeachtaí dearfacha a chlár infheistíochta straitéisí a chomhdhlúthú tuilleadh don phobal agus don tír ina hiomláine.

Aontaíodh go láidir i Meastóireacht Lár-Théarma an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 le déanaí leis an gcur chuige infheistíochta atá glactha ag an nGrúpa. I dtuarascáil a thionsaigh comhchomhairleoirí Indecon agus an Institiuid um Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, tugtar feidhmíocht Bhus Átha Cliath, go háirithe, chun suntais go dearfach. Deirtear go léiríonn a bhfuil curtha ag Bus Átha Cliath le trí bliana anuas le córas iompair Bhaile Átha Cliath luach maith ó thaobh na hinfeistíochta a rinneadh. Cuirtear béim freisin, sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma, ar an bpointe gurb í seirbhís na cuideachta an tslí is costas-éifeachtaí le feabhas a chur ar iompar poiblí.

44 milliún paisinéir iarnróid faoi 2007

Tharla infheistíochtaí móra sa ghréasán iarnróid agus i dtraenacha nua le bliain anuas, rud a sheachadfaidh fás tuartha nár tharla a leithéid riamh roimhe go dtí os cionn 44 milliún paisinéir faoi 2007.

Tá traenacha nua, a raibh géarghá leo curtha leis an bhflít, agus iad ag soláthar níos mó compoird agus acmhainneacht níos mó ar fad na seirbhíse ar fad.

Áirítear ar phríomhghnéithe na hinfeistíochta traenach nua:

- 80 carr ráille comaitéara, ag costas de €115 milliún, 64 i mbun seirbhíse i rith 2003,
- 40 carráiste nua DART á dtógáil sa tSeapáin le seachadadh in 2004,
- 67 carráiste nua InterCity á dtógáil sa Spáinn le seachadadh in 2005 agus

- 36 carr ráille bruachbhailte breise ordaithe do sheachadadh in 2005.

Is é an toradh a bhí ar an 64 carr ráille nua comaitéara a chuaigh i mbun seirbhíse i rith 2003:

- Méadú 25%-43% ar acmhainneacht sheirbhís comaitéara sa bhuaicthréimhse ar línte Dhroichead Átha, Mhaigh Nuad agus Chill Dara,
- Seirbhísí breise traenach ar línte Phort Láirge, na Gaillimhe agus Luimnigh,
- Seirbhísí áitiúla níos minice i gCorcaigh agus
- Méadú an-shuntasach ar sheirbhís comaitéara Inis/Luimnigh.

Cuirfidh an 40 carráiste nua DART ar chumas an Ghrúpa méadú acmhainneachta 30% a bhaint amach faoi dheireadh 2005, méadú atá pleanáilte mar chuid den Thionscadal Uasghráidithe DART. Tabharfaidh sé sin an próiseas chun dúblú a dhéanamh ar mhéid na flít DART thar thréimhse ceithre bliana chun críche.

Leis an 67 carráiste nua InterCity, a bheidh le seachadadh in 2005, féadfar feabhsúcháin bhreise a dhéanamh ar mhinicíocht agus ar am aistir ar phríomhsheirbhísí InterCity.

Infheistíocht €650 milliún maidir le sábháilteacht

Tá dhá phríomhchuspóir ar intinn ag CIÉ de réir mar a chuireann sé an Clár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid ar ráillí agus ar chomharthaí, le maoiniú Rialtais, i bhfeidhm. Trí úsáid straitéiseach a bhaint as an maoiniú €650 milliún thar thréimhse cúig bliana faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, tá sé mar aidhm aige cur le húsáid agus meallacht an iompair poiblí agus timpeallacht oibrithe ráille níos sábháilte a sholáthar freisin.

Leanadh den chlár infheistíochta sin i rith 2003 agus mar thoradh air sin rinneadh nuachóiriú ar go leor de ghréasán iarnróid Éireann.

Baineadh na clochmhílte seo a leanas amach:

- Isteach agus amach le 400 míle de ráille nuachóirithe, lena n-áirítear athnuachan iomlán na bpríomhlínte seo a leanas:
 - Baile Átha Cliath/Gaillimh
 - Baile Átha Cliath/Sligeach
 - Baile Átha Cliath/Port Láirge
 - Baile Átha Cliath/Cathair na Mart/Béal an Átha
 - Baile Átha Cliath/Trá Lí
 - Baile Átha Cliath/Guaire
 - Luimneach/Inis
- Uasghrádú ar os cionn 100 droichead,
- Líon chomh mór céanna de chrosairí comhréidh dúnta nó feabhsaithe,
- Comharthaí leictreonacha nua-aimseartha leathnaithe agus
- Tugadh faoi oibreacha cosanta cósta agus fálú feabhsaithe ar líne.

Ráiteas an Chathaoirligh

Mórfheabhsúcháin ar shaoráidí

Thug grúpa CIÉ infheistíochtaí suntasacha i saoráidí lárnacha chun críche nó cuireadh tús leo in 2003.

Tugadh Tionscadal Athfhorbartha Stáisiún Heuston, arbh fhiú €117 milliún é, chun críche i rith na bliana, in am agus faoin mbuiséad. Tugann an obair ráille agus na hardáin leathnaithe seirbhís atá feabhsaithe go mór do chustaiméirí comaitéara agus InterCity araon.

Tugadh Ionad Seirbhíse Carranna Ráille Dhroichead Átha ar luach €41 milliun, don fhlít carranna ráille comaitéara ina bhfuil 144 anois, chun críche in 2003. Críochnaíodh é sin in am agus faoin mbuiséad freisin.

Chun fónamh don fhlít mhéadaithe, cuireadh tús in 2003 le tógáil iosta nua Bhus Átha Cliath ag Harristown. Cuirfidh sé seo cóiríocht ar fáil d'os cionn 240 bus agus 700 duine ar an bhfoireann. Tá ceannach na láithreach 4.45 heicteár agus tógáil an gharáiste sceidealta le críochnú ag costas faoi €43 milliún - os cionn €10 milliún níos fearr ná sa bhuiséad.

Infheistíochtaí Caipitil Eile

Áiríodh ar chaiteachas Caipitil Bhus Átha Cliath do sheirbhísí i rith 2003:

- 90 bus nua dhá stóir agus
- córas nua raidió truncaithe ag tabhairt teagmháil dhíreach idir maoirseoirí agus tiománaithe. Tabharfaidh sé seo rialú agus solúbthacht níos fearr don fhlít ó thaobh déileáil le cur isteach ó thranglam tráchta.

Ar na hinfeistíochtaí caipitil i mBus Éireann i rith na bliana, áiríodh:

- 78 feithicil nua a chur leis an bhflít,
- 10 mbus nua cathrach i mbun seirbhíse i gCorcaigh (tá lánrochtaineacht ag daoine a bhfuil lagú gluaiseachta orthu, lena n-áirítear úsáideoirí cathaoireacha rothaí, ar 92% de fhlít iomlán cathrach Bhus Éireann anois),
- Seachadadh 30 cóiste nua chun uasghrádú a dhéanamh ar fhlít cóistí Expressway,
- Cuireadh 38 feithicil nua leis na bealaí comaitéara,
- Solátharaíodh 24 cóiste comaitéara do bhealaí i gceantair Chorcaí, na Gaillimhe agus Luimnigh agus
- Seachadadh 14 feithicil dhá stóir lán-rochtaine do bhealaí i mór-chúlcheantar Bhaile Átha Cliath ag deireadh na bliana.

Chuir infheistíocht feabhas ar acmhainneacht/seirbhísí - agus níos mó paisinéirí.

Mar thoradh ar infheistíochtaí ghrúpa CIÉ a bhfuil achoimre thuas orthu, agus na feabhsúcháin in acmhainneacht agus seirbhísí dá mbar, tharla dul chun cinn iarbhir i líon na ndaoine a bhíonn ag úsáid na seirbhísí iarnróid agus bus.

Is mór is léir an dul chun cinn sa réimse seo i seirbhísí comaitéara agus InterCity Iarnród Éireann. Don ochtú huair le naoi mbliana anuas, tá an líon is mó daoine riamh ag taisteal ar an iarnród in Éirinn sáraithe.

I rith 2003, rinneadh 35.5 milliún aistear paisinéara ar sheirbhísí InterCity, DART agus comaitéara na cuideachta, i gcomparáid le bunlíne de 27 milliún sular cuireadh tús leis an gclár infheistíochta reatha. De réir mar a théann an clár infheistíochta chun cinn, tá sé tuartha ag Iarnród Éireann go bhféadfaidh an líon paisinéirí go dtí os cionn 44 milliún faoi 2007.

D'iompair Bus Átha Cliath os cionn 149 milliún paisinéir in 2003, méadú 2.3% ar an mbliain roimhe sin. Chun an gnóthachan sin a chur i gcomhthéacs, léiríonn sé sciar an-suntasach den mhargadh nuair a chuirtear i gcomparáid é le cuideachtaí iompair Éireannacha eile, m.sh. Aer Lingus (6.6 milliún paisinéir sa bhliain) agus an líon 20 milliún sa bhliain atá tuartha do Luas.

Lean Bus Éireann ag déanamh dul chun cinn, le haistír phaisinéirí ag fás ag rátaí níos airde ná in aon áit eile san Eoraip. Ba é an líon custaiméirí a bhí ag baint úsáide as bealaí comaitéara/áitiúla in 2003 ná 17.8 milliún, cé go ndearnadh 21.4 milliún aistear paisinéara ar bhealaí cathracha agus 9.2 milliún aistear paisinéara ar sheirbhísí uirbeacha Expressway.

Tá an líon custaiméirí ar bhealaí Expressway agus comaitéara méadaithe os cionn 40% ó 1998, mar thoradh ar bhusanna a bheith ann níos minice agus uasghrádú leanúnach ar an bhflít.

Ról Lárnach CIÉ le dul i ngleic le tranglam tráchta...

Tá seirbhísí grúpa CIÉ chun cinn in obair an Rialtais chun dul i ngleic le tranglam tráchta sa tír. Trí chistí a infheistiú go críonna ó thaobh leathnú agus feabhsú na seirbhísí poiblí iarnróid agus bus, tá an cuideachta ag tairiscint rogha atá ag fáil níos tarraingtí don phobal ar iompar príobháideach. Le daonra agus fórsa saothair atá ag fás, is é an t-aon réiteach fadtéarma atá ar phlódú tráchta ná tabhairt ar an méid daoine agus is féidir úsáid a bhaint as seirbhísí éifeachtacha poiblí, agus ar an tslí sin soghluaiseacht níos inbhuanaithe a chruthú mar aon le sochaí níos fearr.

Mar gheall ar scála oibríochta Bhus Átha Cliath, tá páirt an-mhór aige sa choimhlint in aghaidh an tranglaim i mBaile Átha Cliath, agus tá sé rí-thábhachtach go leanfaidh sé ag méadú a sciar den mhargadh má tá rath le bheith ar bheartas iompair an Rialtais.

I láthair na huaire oibríonn an cuideachta flít de 1,100 bus agus fostaíonn os cionn 3,300 duine, ar tiománaithe a bhformhór. Clúdaíonn seirbhísí sceidealta lá 20 uair an chloig ar 150 bealach 364 lá sa bhliain. Is ionann sin agus 50 milliún cileaméadar agus beagnach 500,000 aistear paisinéara in aghaidh an lae, ag fónamh ar chathair Bhaile Átha Cliath agus Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Is ionann sin agus an trian de dhaonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a bheith ag baint úsáide as busanna gach lá. In ainneoin fadhbanna tranglaim, cinntíonn solúbthacht na

Ráiteas an Chathaoirligh

cuideachta go raibh na leibhéal seirbhíse cothabháilte.

... ach chosain sé €68.6 milliún ar an nGrúpa anuraidh

In ainneoin na bhfeabhsúchán sin a baineadh amach go crua i sciar iomlán an mhargaidh san iompar poiblí, tá tionchar an-mhór ag tranglam tráchta fós ar inmharthanacht laethúil Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann. Go deimhin, tá sé ag fáil níos measa gach bliain.

Tá sé ríofa ag BDO Simpson Xavier Consulting gur chosain an tranglam €49.4 milliún ar Bhus Átha Cliath i 2003, ardú 42% ó 2001 nuair a ríomhadh an costas tranglaim ag €34.9 milliún. Is €19.2 milliún an costas plódaithe a bhí ar oibríochtaí Bhus Éireann anuraidh.

Ní ceist costais amháin é, áfach, bíonn tionchar ag tranglam tráchta freisin ar a mhéad is féidir brath ar na seirbhísí bus atá cheana ann, ar ceist bhunúsach é a bhfuil tionchar aige ar fhorhmhór ár gcustaiméirí.

In ainneoin roinnt tionscnamh bainistíochta ag cuideachtaí bus ClÉ, lena n-áirítear an gréasán Conairí Ardchaighdeán Bus (QBC), comhdhlúthú bealach, faireachán méadaithe mar aon le hathbhreithniú agus anailísiú leanúnach ar na bealaí atá cheana ann, leanann an plódú de thionchar díobhálach a bheith aige ar oibríochtaí bus i gceantair uirbeacha.

Léireodh réiteach an tranglaim tráchta an modh sábhála costais aonair is éifeachtaí is féidir ó thaobh sholáthar iompair poiblí in Éirinn.

Tá sreabhadh tráchta in Éirinn go suntasach níos measa ná mar atá i measc ár gcomhpháirtithe Eorpacha eile agus baineann costais bhreise leis, as a leanann seirbhís nach bhfuil chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil.

Tá an meánluas bus i gcathracha na hÉireann go maith faoin meán idirnáisiúnta de 23.1 cileaméadar san uair (kph). Is iad na figiúirí comparáideacha d'Éirinn ná: Baile Átha Cliath 13.5 kph, Corcaigh 11.9 kph, Gaillimh 13.7 kph, Luimneach 14.4 kph, Port Láirge 14.5 kph.

Bus Átha Cliath - lean feidhmíocht thréan in 2003

Choimeád Bus Átha Cliath an cháil atá air mar cheann de na cuideachtaí bus cathrach is fearr feidhmíochta san Eoraip i rith 2003. Thuairisc sé líon ardaíthe paisinéirí, feabhsúchán i leibhéal oibríochtaí na cuideachta agus éifeachtúlachtaí méadaithe.

Thaifead an cuideachta barrachas de €7.4 milliún in 2003. Is €173 milliún a bhí san Ioncam, méadú de 8.5% ar an mbliain roimhe sin. Tharla sé sin mar gheall ar sheirbhís mhaith custaiméirí agus forbairt fhorchéimneach an ghréasáin, a raibh fás 2.3% sa líon paisinéirí mar thoradh air.

Lean an líon paisinéirí a bhain úsáid as gréasán Chonairí Ardchaighdeán Bus (QBC) de bheith ag méadú i rith na bliana. Bhí feidhmíocht na QBCanna an-suntasach agus mheall sé go leor spéise go hidirnáisiúnta. Tá fás 40% tagtha ar an líon iomlán custaiméirí ar QBCanna ag buaic-amanna ó cuireadh i bhfeidhm iad.

Rud eile a chuir leis an bhfás ná ticéid réamhíochta, go háirithe ticéid 'Rambler' - tháinig fás 15% ar an líon díolacháin réamhíochta in 2002. Bíonn an rogha ag custaiméirí anois ticéid a cheannach ó líon níos mó gníomhairí, trí Ticketmaster, tríd an scéim TaxSaver nó ar-líne ag www.dublinbus.ie

Cuireadh nua-theicneolaíocht i bhfeidhm ar bhealach eile i rith na bliana, nuair a tugadh isteach saoráid BUSTXT i mí Iúil. Tugann an tseirbhís seo rochtain ar eolas amchláir trí ghutháin phóca na gcustaiméirí. D'éirigh thar cionn leis sin, le 100,000 glao á ndéanamh in aghaidh na míosa.

Chabhraigh seachadadh ar thuilleadh busanna urlár íseal i rith na bliana leis an gcuideachta seanbhusanna a chur as seirbhís de réir a chéile. I láthair na huair is cineál bus urlár íseal lán-inrochtaine iad 41% den fhlíit bus. Baineadh amach an feabhsúchán mór sin in ardchaighdeán na seirbhíse dár gcustaiméirí i dtréimhse ama réasúnta gearr.

Níos túisce sa bhliain, thug an tÚdarás Comhionannais aitheantas don obair fhorbartha a bhíonn ar siúl go leanúnach ag Bus Átha Cliath sa réimse seo nuair a mhol sé an cuideachta as Plean Gníomhartha Comhionannais a chur ar bun. Is féidir lántuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann leis sin nuair a thuigtear go bhfuil daoine ó 45 tír fostaithe anois san eagraíocht.

Iarnród Éireann - tagann dea-fheidhmíocht as méadú acmhainneachta

D'fheabhsaigh an cuideachta a glanseasamh trádála i rith 2003. Thuairisc sí barrachas oibríochta de €0.7 milliún ach, nuair a chuirtear costais aon-uaire €20.1 milliún d'athstruchtúrú na cuideachta san áireamh, taifeadadh easnamh foriomlán de €19.4 milliún. Sin i gcomparáid le heasnamh de €22.5 milliún in 2002.

I rith na bliana, choimeád an cuideachta treocht ag ardú i líon na bpaisinéirí. Tháinig an t-ardú sin tar éis seirbhísí breise agus feabhsuithe comaitéara, InterCity agus áitiúla, mar atá luaite thuas i mo ráiteas, a raibh fáilte mhór ag na custaiméirí rompu.

Agus feidhmíocht Iarnród Éireann á meas, tá sé tábhachtach an comhthéacs uathúil ina n-oibríonn sé faoi láthair a mheabhrú, mar go bhfuil uasghrádú mór ar siúl ar a bhonneagar. Leanann an cuideachta d'iarnród rathúil a oibriú agus, ag an am céanna, tá sí ag tógáil iarnróid don todhchaí sa mhullach ar an ráille céanna agus ar na stáisiúin chéanna a chaithfidh sí a úsáid do gnó laethúil. Is éacht ann féin don cuideachta an tasc sin a bhaint amach go rathúil, leis an gcur isteach is lú, agus ag an am

Ráiteas an Chathaoirligh

céanna a sciar den mhargadh a choinneáil agus cur leis.

Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt air aird go bhfuil Iarnród Éireann ag feidhmiú a chuid tionscadal infestíochta caipitil in am agus, i bhformhór na gcásanna, faoi bhuiséad.

Rinneadh athstruchtúrú mór ar an gcuideachta in 2003 le ceapadh PríomhOifigeach Oibríochta nua. Clúdaíonn a réimse freagrachtaí gach réimse oibríochta, lena n-áirítear gnónna paisinéara agus lastais agus cothabháil an bhonneagair ó lá go lá.

Rinneadh atheagrú as cuimse ar ghnó lastais na cuideachta freisin i rith na bliana, agus díriodh isteach ar an sreabhadh tráchta is mó brabúis atá cheana ann agus forbraíodh seirbhísí nua, inbhrabúsacha.

Bus Éireann – feabhas ar an staid airgeadais

Is bliain an-rathúil a bhí sa bhliain faoi athbhreithniú do Bhus Éireann, ó thaobh téarmaí airgeadais de agus ó thaobh sciar méadaithe den mhargadh araon. Bhí athrú ó bhonn an-tréan ar staid airgeadais na cuideachta, ó chaillteanas de €9.4 milliún i 2002 go dtí barrachas de €1.5 milliún in 2003. Tharla an toradh dearfach seo tar éis feidhmiú phlean gnó reatha na cuideachta.

Gné shuntasach den fheabhas trádála seo ná gur baineadh amach é gan aon sheirbhísí a tharraingt siar ná gan aon laghdú ar ardchaighdeán seirbhísí custaiméirí. Go deimhin, tharla sé i gcomhthráth le seirbhísí nua a thabhairt isteach.

Lean Bus Éireann ag tógáil, ag nuachan agus ag feabhsú go leanúnach ó thaobh a ghréasáin lánpháirtithe seirbhísí a chuirtear ar fáil do chustaiméirí. Tá sin déanta ag rátaí ísle fóirdheontais agus ar tháillí ísle de réir chaighdeáin na hEorpa.

Tá líon na gcustaiméirí ag fás go leanúnach le cúig bliana anuas agus tá siad ag rátaí atá go suntasach níos airde ná in aon áit eile san Eoraip. Ó 1998, mhéadaigh an líon paisinéirí ar bhealach Expressway agus comaitéara os cionn 40%.

Ar sheirbhísí cathrach Bhus Éireann, mar thoradh ar mhinicíochtaí níos airde a bheith á dtairiscint agus uasghradú leanúnach na flít, tá méadú de 13% tagtha ar an líon custaiméirí a iompraíodh le cúig bliana anuas.

Is gné mhór é an gréasán lánpháirtithe náisiúnta de sheirbhísí Idir-chathrach, comaitéara, cathrach agus tuaithe den fhás leanúnach. Tá gréasán lánpháirtithe busanna dá bhrí sin ríthábhachtach in Éirinn mar gheall ar an bhforbairt scaipthe. Is in Éirinn atá an ráta is airde den daonra faoin tuath agus is inti atá an dara leibéal is airde de chiliméadair custaiméirí ar bhusanna san AE. Agus é sin mar chúla, seachadann gréasán Bus Éireann rogha leathan seirbhísí, nach bhfuil a leithéid in aon áit eile, chuig raon leathan chinn scríbe faoin tuath in Éirinn.

Tá curtha le sástacht custaiméirí freisin. Léirigh iniúchadh neamhspleách ar Chairt Chustaiméirí Bhus Éireann, a rinneadh i rith na bliana, go raibh sástacht na gcustaiméirí ardaithe 3% ar an mbliain 2002 agus 9% ar an mbliain 2000. Léirigh taighde margaidh ar leithligh ar fheidhmíocht fhoriomlán ráta sástachta custaiméirí fíor-ard de 91 %.

Iompar Scoile - bearta nua

I rith na bliana, d'oibrigh Bus Éireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dlúth le chéile chun bearta costas-éifeachtacha a thabhairt isteach ó thaobh sholáthar seirbhísí scoile.

Tugadh isteach 77 seirbhís nua iompair scoile i rith 2003, sa réimse iompair do leanaí le riachtanais speisialta den chuid is mó, áit a bhfuil 162 feithicil anois a bhfuil rochtain ag cathaoireacha rothaí orthu. Chomh maith leis sin, tugadh 83 bus athsholáthair isteach le bliain anuas. Is cuid é sin de chlár leanúnach athsholáthair flít.

Cuideachta Shealbháíochta CIÉ - feidhmíocht mhaith ó thaobh na ngnónna

Rinne gach ceann de ghníomhaíochtaí tráchtála a dhéanann cuideachta shealbháíochta CIÉ, lena n-áirítear CIE Tours, an Rannán Maoine agus an Gréasán Fógraíochta Comaitéara, go maith i rith 2003.

Thaifead CIE Tours ioncaim de €45 milliún tar éis d'áirithintí feabhsú arís i mbliain chrua do thurasóireacht dhomhanda áit a raibh tionchar ag ráig den SARS agus ag Cogadh san Iaráic ar an margadh. Bhí a chaiteachas fógraíochta ardaithe roimhe sin ag an gcuideachta i Stáit Aontaithe Mheiriceá chun fiosrúcháin agus breis gnó a chruthú.

Tá soláthar a mheaitseáil go héifeachtach le héileamh na gcustaiméirí agus trí rialú docht costais a choimeád, rinne CIE Tours glanbhrabús de €0.7 milliún in 2003.

Bhí bliain den scoth ag Rannán Maoine CIÉ freisin in 2003, le méadú de 16.8% ar ioncam cíosa, go dtí €11.4 milliún.

I rith na bliana, fuarthas an breithniú do dhíol láithreach Thomhlachta ar €25 milliún. Tá tionscadail maoine á bhforbairt i gCorcaigh, Baile Átha Cliath (Sráid na Bearú), Gaillimh agus Cill Chainnigh agus táthar i mbun oibre ag Duga Spencer.

Thaifead an Gréasán Fógraíochta Comaitéara (CAN), rannán fógraíochta faoin aer CIÉ, bliain rathúil eile le glanbhrabús de €5.8 milliún, nó 8% níos mó ná toradh 2002 de €5.3 milliún.

Leibhéil agus Spriocanna Seirbhíse

Chomhaontaigh Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann - in éineacht leis an Aire Iompair - Meamram Tuisceana ar Leibhéil Seirbhíse agus Spriocanna don bhliain. Rinne na cuideachtaí ar

Ráiteas an Chathaoirligh

fad go maith agus, i go leor cásanna, rinne siad níos fearr ná na spriocanna a bhí leagtha amach sa Mheamram sin.

Athchóiriú institiúideach.

Tá léirithe ag an Aire Iompair, Séamus Ó Bréannáin, T.D. go bhfuil sé ar intinn aige éifeacht a thabhairt do thrí chuideachta oibríochta CIÉ, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, a bhunú mar chuideachtaí tráchtála neamhspleácha Stáit.

Sábháilteacht

Is í an tsábháilteacht an phríomhábhar imní sna cuideachtaí bus agus iarnróid. Tá an Clár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid, ar fiú €650 milliún é, anois gar do bheith críochnaithe agus tá sé ag cur feabhsúcháin bhreise ó thaobh sábháilteachta ar ár dtraenacha. Tá sábháilteacht busanna ardaithe tuilleadh le tabhairt isteach an Chláir Ardoiliúna Tiománaithe.

Bímid ag athbhreithniú na sábháilteachta go leanúnach ar fud na heagraíochta lena chinntiú go mbíonn freagra dóthanach lán-chuntasach ann i gcás go dtarlódh timpiste. Faraor, bhí gá le freagra den sórt sin don timpiste a tharla i mí Feabhra na bliana seo ag Cé Wellington i mBaile Átha Cliath, inar bhásaigh cúigear agus inar gortaíodh go leor eile. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh, arís eile chun chomhbhrón an Bhoird, na bainistíochta agus fhoireann uile CIÉ a chur in iúl dóibh siúd a raibh tionchar ag an timpiste uafásach seo orthu, an ceann is measa riamh a tharla ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath.

Buíochas

Scoir Tras Honan, Uasal, den Bhord an 27ú Samhain, 2003. Scoir an tUasal Gerry Duggan agus an tUasal David Egan den Bhord an 8ú Nollaig, 2003. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo as an obair luachmhar a rinne siad do CIÉ le linn a dtéarma ar an mBord. Tá áthas orm nach bhfuil a gcuid seirbhísí cailte go hiomlán agam, mar gur athcheapadh iad araon ar bhord fhoichuideachta.

Scoir an tUasal Paul Kiely den Bhord freisin an 8ú Nollaig, 2003 agus athcheapadh é an 2ú Márta, 2004.

Ceapadh an tUasal Justin Baily, an tUasal John Sorohan agus an tUasal Norman Wilkinson freisin chuig an mBord an 2ú Márta, 2004.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an Aire Iompair, an tUasal Séamus Ó Bréannáin, T. D., as a thacaíocht leanúnach i rith na bliana, mar aon lena oifigigh sa Roinn Iompair as a gcabhair.

Táimid buíoch freisin don Rialtas, agus go háirithe don Taoiseach agus don Aire Airgeadais, as na mórchláir infheistíochta atá á ndéanamh faoi láthair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, a bhí chomh tábhachtach sin d'athnuachan an iompair phoiblí in Éirinn.

Ba mhaith leis an mBord aitheantas a thabhairt freisin don chómhaoiniú ó Chiste Struchtúrtha an AE a fuarthas.

Más maith is mithid ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann ghrúpa cuideachtaí CIÉ as a n-iarrachtaí buana i rith na bliana.



An Dr. J. J. Lynch
Cathaoirleach

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Torthaí an Ghrúpa

Is é an toradh iomlán d'oibríochtaí an Ghrúpa do 2003 ná easnamh de €4.0 milliún i gcomparáid le heasnamh de €3.6 milliún in 2002:

	2003	2002
		Athluaithe
	€M	€M
Ioncam	661.9	629.8
Deontais Stáit	262.5	252.7
Iomlán	924.4	882.5
Costais a bhaineann le pá-rolla	493.0	478.5
Costais oibríochta eile	430.2	418.7
Costais deiridh	6.2	10.0
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inlámhsithe	(0.8)	(20.8)
Gnóthachan ar airgeadra coigríche	(0.2)	(0.3)
Iomlán	928.4	886.1
Easnamh	(4.0)	(3.6)

Ioncam

Mhéadaigh ioncam ó chustaiméirí €32.1 milliún, le Bus Éireann ag taispeáint an mhéadaithe ba mhó ag €16.0 milliún agus ina dhiaidh sin Bus Átha Cliath ag €13.7 milliún, Iarnród Éireann €7.9 milliún agus an chuideachta shealbháíochta ag taispeáint laghdú de €5.5 milliún. Tagann an méadú in ioncam ó leibhéal seirbhíse méadaithe arna sholáthar ag na cuideachtaí oibríochta agus arduithe i bpraghsanna.

Deontais Stáit

Mhéadaigh na deontais Stáit a bhí iníoctha do sholáthar seirbhísí iompair phoiblí go dtí €262.5 milliún, méadú de €9.8 milliún. Áirítear ar na deontais sin €17.5 milliún don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid (2002 - €19.4 milliún).

Chomh maith leis sin, fuair an Grúpa maoiniú Stáitchiste de €280.6 milliún do chaiteachas caipitil agus €1.2 milliún i ndeontais tacaíochta ioncaim a cuireadh chun sochair don chuntas brabúis agus cailleanais.

Tá nóta ag déanamh anailíse ar a n-ioncam agus a gcaiteachas iomlán thar ghníomhaíochtaí sóisialta agus tráchtála ag teacht le prionsabail Threoir 2000/52/EC ó Choimisiún an AE curtha isteach sna nótaí do na ráitis airgeadais ag an trí chuideachta oibríochta, Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.

Costais Oibríochta Eile

Is féidir an méadú sna costais seo a lua leis na costais oibríochta eisceachtúla de €20.1 milliún in Iarnród Éireann, cothabháil bonneagair mhéadaithe agus obair faoin gClár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid.

Mhéadaigh costais phá-rolla €14.5 milliún de bharr dámhachtainí pá den chuid is mó faoin gClár Ag Coinneáil an Dul chun Cinn.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

IARNRÓD ÉIREANN

Rinne Iarnród Éireann dul chun cinn suntasach i bhforbairt na cuideachta i rith 2003. Tugadh stoc rollta nua isteach i mbun seirbhíse a raibh méadú suas go dtí 43% ar acmhainneacht comaitéara ar bhealaí bruachbhailte mar thoradh air. Athfhorbraíodh Stáisiún Heuston agus is gnóthachtainí Iarnracha a bhí in athchomharthaí agus athnuachan ar an mbealach InterCity go Gaillimh, mar chuid den Chlár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid.

Is é toradh airgeadais Iarnród Éireann do 2003 ná barrachas oibríochta de €0.7 milliún. Tabhaíodh costais aon uaire de €20.1 milliún, áfach, d'athstruchtúrú na cuideachta rud a thug easnamh foriomlán de €19.4 milliún. Sin i gcomparáid le heasnamh de €22.5 milliún in 2002.

Leanann an Clár Infheistíochta Iarnróid Náisiúnta, atá mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais 2000 - 2006, ag tabhairt torthaí dearfacha, le hiompar paisinéirí in Iarnród Éireann do 2003 ag ardú go dtí 35.5 milliún aistear paisinéara.

Léiríonn an leibhéal aistear paisinéara in 2003 an t-ochtú huair le naoi mbliana ar sáraíodh an líon uasta aistear. Tá sé sin i bhfad níos suntasaí ó tharla gur baineadh amach é in ainneoin gur cailleadh 0.6 milliún aistear paisinéara de bharr seirbhísí DART i ndeisceart Bhaile Átha Cliath a chur ar fionraí ag deirí seachtaine agus i rith thréimhse na Nollag do thionscadal uasghrádaithe DART.

Tá sé tuartha ag Iarnród Éireann go bhfásfaidh an líon paisinéirí go dtí os cion 44 milliún faoi 2007 bunaithe ar infheistíocht leanúnach sna tionscadail Iarnracha.

InterCity

Ar bhealaí InterCity na cuideachta, b'ionann an líon paisinéirí agus an líon ba mhó fós de 11.3 milliún don bhliain 2002. Tabharfaidh seirbhísí breise ar bhealaí na Gaillimhe, Luimnigh, Phort Láirge agus Inis-Luimnigh in amchlár 2003 rogha breise do chustaiméirí.

Iompraíonn go leor bealaí InterCity anois níos mó ná milliún paisinéirí lena n-áirítear Baile Átha Cliath/Corcaigh, Baile Átha Cliath/Béal Feirste, Baile Átha Cliath/Gaillimh agus in 2003 den chéad uair riamh, Baile Átha Cliath/Port Láirge.

Tá tionscadal chun córas nua áirithinte do dhíolacháin ticéad agus áirithint suíochán ar láithreán gréasáin Iarnród Éireann ag dul ar aghaidh. Díreoidh Céim 1 den fheidhmiú ar sheirbhísí príomha agus ar thraenacha speisialta agus beidh sé i bhfeidhm in 2004.

Cuireadh isteach ordú i ndeireadh 2002 do 67 cóiste nua InterCity. Cuirfear tús le seachadadh na gcóistí sin i ndeireadh 2005.

DART agus Comaitéar

I Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, leanann minicíocht na seirbhísí DART agus comaitéara ag fás go tapa, in ainneoin an tionchair a bhí ag oibreacha deireadh seachtaine agus réamhNollag ar Thionscadal Uasghrádaithe DART. Beidh fás méadaithe ann i rith 2004 mar gheall ar mhéaduithe móra in acmhainneacht comaitéara trí 80 carr ráille nua. Tabharfar níos mó meaisíní díolta uathoibríocha i mbun seirbhísí in 2004.

Féachtar ar bhailíochtú ar an mbealach amach mar mhír Iarnrach chun acmhainneacht ioncain a dhaingniú don ghréasán DART agus cuirfear i bhfeidhm é ag gach stáisiún gnóthach sna ceantair Iarnracha i rith 2004 agus 2005.

Acmhainneacht ardaithe 25% - 43%

Leis na traenacha nua comaitéara, léiríonn amchlár mhí na Nollag 2003 méadú suntasach in acmhainneacht sheirbhísí comaitéara buaic-ama ar línte Dhroichead Átha, Mhaigh Nuad agus Chill Dara.

Chomh maith leis na 80 carr ráille comaitéara a chuireann imeachtaí breise traenacha comaitéara ar fáil, tá tógáil ceithre ardán nua ag Stáisiún Heuston, mar chuid d'athfhorbairt €117 milliún an stáisiúin, ag cur oibríocht traenach níos éifeachtaí ar fáil.

Chun flit carranna ráille comaitéara ina bhfuil 144 a chothabháil agus a sheirbhísiú, tá iosta cothabhála den chéad scoth tógtha i nDroichead Átha. Tá sé d'acmhainn ag an iosta sin 36 carr ráille breise a chothabháil, carranna a sheachadfar in 2005.

Leibhéal Seirbhíse

Chomhaontaigh Iarnród Éireann agus an Roinn Iompair Meamram Tuisceana in Iúil 2003 ar leibhéal seirbhíse agus spriocanna do 2003/2004. Rinneadh feidhmiúocht i gcomparáid leis na spriocanna sin a athbhreithniú don sé mhí ó Iúil go dtí Nollaig 2003 agus rinne gnóthachtálacha maithe i ngach ceann de na réimsí Iarnracha. Déanfar athbhreithniú ar na Sprioc-leibhéil in Iúil 2004.

Sábháilteacht

Leanadh den tosaíocht is airde a thabhairt don Bhainistiú Sábháilteachta laistigh den ghrúpa. I dteannta leis an infheistíocht i sonraíocht sábháilteachta níos airde don stoc rollta agus bonneagar nua, cuireadh béim níos mó ar oiliúint sábháilteachta agus ar fheasacht sábháilteachta fostaithe. Ní raibh aon bhás paisinéara ná foirne ann in 2003.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Struchtúr Nua Eagraíochta

Tharla athstruchtúrú mór ar an gcuideachta le ceapadh an PhríomhOifigigh Oibríochta nua. Clúdaíonn a réimse freagracha gach réimse oibríochta lena n-áirítear gnónna paisinéara agus lastais agus cothabháil bonneagair ó lá go lá. Beidh an eagraíocht nua i bhfeidhm go hiomlán i mBealtaine 2004.

Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid

Léiríonn Tuarascáil an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid a foilsíodh in 2003 anailís dhian ar phoitéinseal an iarnróid in Éirinn agus is creat luachmhar é d'fhorbairt amach anseo.

Tá Plean Forbartha Paisinéirí ullmhaithe ag Iarnród Éireann, a luíonn go dlúth le moltaí an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid. Tá Iarnród Éireann agus an Roinn Iompair ag obair go dlúth lena chéile lena chinntiú go mbíonn fáil ar mhaoiniú do na tionscadail iarnróid lárnacha a bhfuil tosaíocht tugtha ag an gcuideachta dóibh.

Seirbhísí Lastais

Tá meath tagtha ar fheidhmíocht airgeadais an ghnó lastais iarnróid le roinnt bliana anuas agus cuireadh plean bisigh le chéile chun díriú isteach ar an trácht is mó brabúis.

Cuireadh tús le feidhmiú an phlean i rith 2003 le haistarraingt ó stroighin ar phailéid a iompar, dúnadh losta Bhóthar Adelaide i mBéal Feirste agus réadú a dhéanamh ar oibríochtaí ag iostaí luchtaithe aonad eile ar fud na tíre.

Chuathas i mbun tráchta nua a raibh níos mó brabúis leo le tabhairt isteach an lastais de laionadhmaid agus iompar tiúchain Coca Cola i gcomhar le Norfolkline. Oibríonn an dá shreabhadh tráchta nua seo ó iarthuaisceart na hÉireann go Port Láirge.

Europort Ros Láir

Leanadh den dul chun cinn ar thionscadal €6.2 milliún chun na céanna ag Europort Ros Láir a athchóiriú agus tá obair thógála fhisiciúil beartaithe anois tosú in 2004.

Gréasán Lónadóireachta

Rinneadh fócasú an athuair ar ghnó an ghréasáin lónadóireachta in 2003 chun díriú isteach ar lónadóireacht ar bord a bhí feistithe níos gaire do riachtanais an chustaiméara.

Bonneagar

Cuireadh tús leis an gcéad chéim de Thionscadal Uasghrádaithe DART in 2003. Cuirfidh an chéim seo, a chosnóidh €176.2 milliún, go mór le hacmhainneacht iompar paisinéirí ag buaic-amanna ar sheirbhísí DART agus comaitéara atá cheana ann ag ardú ó 11,800 go dtí 16,000 paisinéirí a iompraítear san uair sa treo faoi dheireadh 2005.

Bainfeadh an acmhainneacht seo amach trí thraenacha níos faide agus seachadfar rochtain fheabhsaithe do chustaiméirí le lagú gluaiseachta agus taobhlaigh bhreise don fhlít leathnaithe DART freisin. Seachadfar 40 aonad nua DART níos déanaí i mbliana ionas go bhféadfar traenacha níos faide a oibriú in 2005.

Tá an síneadh le hardán ó thuaidh Shráid na Teamhrach agus tógáil oifige nua áirithe tugtha chun críche. Tá príomhchéim thógála an tionscadail ar stáisiúin an taobh ó dheas ar siúl faoi láthair. Cuirtear seirbhísí ar an taobh ó dheas ar fionraí ag deirí seachtaine agus déantar socruithe speisialta le busanna breise ar na bealaí in aice láimhe á sholáthar ag Bus Átha Cliath.

Tionscadal Athfhorbartha Stáisiún Heuston

Tugadh athfhorbairt €117 milliún Stáisiún Heuston chun críche go substaintiúil in 2003 lena n-áirítear:

- An líon ardán méadaithe ó cúig go dtí naoi,
- Fadú le gach ardán a bhí cheana ann,
- Comharthaí nua curtha isteach i Stáisiún Heuston go hiomlán - tionscadal sábháilteachta fíor-thábhachtach,
- Athmhúnlú déanta ar an obair ráille ar fad,
- Limistéar feithimh do chustaiméirí méadaithe
- Léiriú eolais don phobal feabhsaithe agus
- Pointí cabhrach do dhaoine le lagú gluaiseachta

Feabhsú ar Bhealach Chill Dara

Cuireadh feabhas ar acmhainneacht do chomaitéirí líne Chill Dara i rith na bliana le huasghrádú ag trí stáisiún ar an líne. Áiríodh ar na feabhsúcháin sin:

- Síneadh ar an ardán ag Collchoill agus Na Solláin chun glacadh le traenacha le 8 gcarr ráille agus
- Saoráidí casadh ar ais ag an Droichead Nua lena n-áirítear ardán bá nua agus ráille.

Tá iarratas ar Ordú Oibreacha Iarnróid á ullmhú mar gur mian le hIarnród Éireann ceithre ráilliar, seachas péire, a chur ar fáil ar an líne ón bPáirc Thiar go dtí Collchoill. Tá mionsonraí scóip an tionscadail seo le críochnú fós agus tá cur chuige céimnithe á bhreithniú.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Tionscadal Athchomharthaí

Leis an tionscadal seo déanfar córais chomharthaí leictreonacha nua-aoiseacha a shuiteáil ar línte na Gaillimhe, Phort Láirge, Thrá Lí agus Shligigh. Rinneadh coimisiniú ar líne na Gaillimhe 3 mhí roimh an sceideal i Meitheamh 2003, agus táthar ag obair ar líne Phort Láirge faoi láthair agus tá an obair sin freisin chun cinn ar an sceideal. Tá an tionscadal seo sceidealta lena chríochnú i mí na Nollag 2005.

An Clár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid

Leanadh d'fheidhmiú an Chláir Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid i rith 2003. Ba í seo an bhliain deiridh den Chlár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid 1999 - 2003, an clár cúig bliana reatha. Bhí caiteachas údaraithe de €136.6 milliún ag clár 2003 agus críochnaíodh é den chuid is mó faoin sprioc. Áiríodh ar na móroibreacha:

- Athleagan Ráilí: Athleagadh gar do 67 míle de ráilí. Áiríodh air sin an obair athleagtha ar líne Chraobh Inis a thabhairt chun críche, agus obair ar línte Bhaile Átha Cliath/Ros Láir agus Chraobh Acomhal Mhaigh Nulla/Craobh Bhéal an Átha. Laghdóidh uasghrádú na ráilí go dtí ráille leanúnach táite amanna aistir agus feabhsóidh sé a mhéid is féidir brath ar thraenacha agus cuirfidh le compord ar na bealaí sin.
- Clár Chrosairí Comhréidh: Dúnadh nó rinneadh uasghrádú ar 130 crosaire comhréidh nach raibh ar bhóithre poiblí i rith na bliana ar chostas iomlán de €13.5 milliún.
- Oibreacha Cosanta Cóta: Tá oibreacha ar na Clocha Liatha go Cill Mhantáin ag dul chun cinn mar a bhí leagtha amach. Tá oibreacha ag Mullach Íde, Baile Geanainn, Cill Chomhghaill agus Cill Iníon Léiniú críochnaithe. Tá obair ar Chéim 2 de Cheann Bhré críochnaithe 90%. Mar sin féin, mar gheall ar choinníollacha farraige nach raibh ag teacht leis an séasúr ní raibh ar chumas an chonraitheora dul ar aghaidh le hoibreacha le ríocht seachtaine agus tá an 10% den obair coinnithe siar.
- Struchtúir: Leantar d'athnuachan droichead, de phéinteáil droichead, d'athnuachan fálta agus obair eile a bhaineann le sábháilteacht mar atá ar an gclár.

Bhí cruinnithe ag TascFhórsa Sábháilteachta Iarnróid nua, faoi chathaoirleacht an Uasal Pat Mangan ón Roinn Iompair, lena n-áirítear comhaltáí ón Roinn Airgeadais agus Iarnród Éireann, chun Clár Infheistíochta Sábháilteachta nua a chomhaontú don tréimhse 2004-2008.

Tá Córas Bainistíochta Sócmhainní nua á fhorbairt don Rannán Bonneagair. Chomh maith leis sin, tá an obair ag dul chun cinn ar Mhúnla Rioscaí don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid 2004 - 2008. Cabhróidh an Múnla Rioscaí sa phróiseas cinnteoireachta i ndáil le leithdháileadh na gcistí seo. Chomh maith leis sin, tá obair ag dul chun cinn ar fhorbairt agus leathnú na gCóras Bainistíochta Sábháilteachta.

Tollán Idircheangail

Choimisíunaigh Iarnród Éireann staidéar chun forbairt a dhéanamh ar ailíniú do thollán idircheangail molta chun líne Chill Dara a nascadh le Duga Spencer agus ceangal a sholáthar ar ais go dtí líne Mhaigh Nuad agus go dtí na bealaí ó thuaidh ó Acomhal Bhóthar an Phoirt Thoir. Tá ailíniú roghnaithe molta agus tá na costais thosaigh agus cás gnó déanta.

Duga Spencer

Tá staidéar féidearthachta coimisíunaithe chun suíomh roghnaithe a fhíorú agus a chostas a fháil do stáisiún críochfoirt ag Duga Spencer.

Líon Foirne

Is 5,606 a bhí sa líon foirne ag deireadh na bliana. Léiríonn sé sin laghdú de 327 ó thús 2003.



Athbhreithniú ar Oibríochtaí

BUS ÁTHA CLIATH

Chruthaigh 2003 a bheith ina bliain mhaith eile do Bhus Átha Cliath le hardú ar an líon paisinéirí, ioncam feabhsaithe agus éifeachtaí níos fearr in oibríochtaí na cuideachta.

Thaifead Bus Átha Cliath barrachas trádála in 2003. Is €173 milliún a bhí san ioncam don chuideachta, a ndéanann an Roinn Iompair rialáil uirthi, in 2003, fás suntasach de 8.5% ar 2002. Bhí an fás faisnéisithe ar sheirbhís mhaith custaiméirí mar aon le forbairt fhorchémneach ar an ngréasán.

Is €54 milliún a bhí san Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO), nó fóirdheontas, don bhliain agus léiríonn sé sin 25% de chostais oibríochta na cuideachta agus tá sé ar cheann de na leibhéil fóirdheontais is ísle a tugadh do chuideachta bus iompair poiblí san Eoraip.

Líon Paisinéirí

Mhéadaigh líon paisinéirí Bhus Átha Cliath 2.3% in 2003 i gcomparáid le 2002. Tá an-tábhacht ag baint leis sin mar go gciallaíonn sé anois gur iompair Bus Átha Cliath 149 milliún paisinéir in 2003.

Oibríonn an chuideachta i láthair na huairé flít de bheagnach 1,100 bus, fostaíonn os cionn 3,300 duine (ar tiománaithe 2,400 díobh), cuireann seirbhís lae 20 uair an chloig ar fáil ar 150 bealach 364 lá sa bhliain. Is ionann sin agus 50 milliún ciliméadar bus agus beagnach 500,000 aistear paisinéara in aghaidh an lae, ag fónamh do chathair Bhaile Átha Cliath agus do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Is ionann sin agus an tríú cuid de dhaonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a bheith ag taisteal ar a bhusanna gach lá. As sin, in ainneoin an leibhéil phlódaithe tráchta i mBaile Átha Cliath, chinntigh solúbthacht na cuideachta gur coimeádadh na leibhéil seirbhíse.

Tá léirithe ag Bus Átha Cliath freisin, mar chuideachta, gur féidir leis dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le táirge ar ardchaighdeán a sheachadadh don chustaiméir, ní hamháin ar sholáthar seirbhíse bus ó lá go lá ach freisin ag imeachtaí móra speisialta aon uaire mar cheolchoirmeacha móra. Moladh an chuideachta freisin as an ord is airde de sholáthar seirbhíse bus le linn na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. Tugann imeachtaí den sórt sin scileanna agus tairbhí na heagraíochta le chéile agus léiríonn go soiléir na sochair a bhaineann le cuideachta a bheith ann a dhéanann pleanáil, bainistiú agus oibriú ar iompar mar phacáiste aontaithe.

Plódú Tráchta

Is dúshlán a bheidh i gcónaí ann an tseirbhís busanna scoile a oibriú trí shráideanna chathair Bhaile Átha Cliath leis an athrú leanúnach i gcóiríú na n-oibreacha innealtóireachta sibhialta i

Sráid Uí Chonaill agus i bPlás Beresford, gan ach dhá phríomhphointe chúnaga sa chathair a lua, le dúshlán eile ag suímh eile lena n-áirítear na limistéir timpeall ar oibreacha LUAS agus Tollán an Phoirt, agus na limistéir a bhfuil tionchar acu sin orthu. Leanann plódú tráchta ina mhórdhúshlán do Bhus Átha Cliath.

Tá aitheanta ag comhchomhairleoirí gur €49.4 milliún sa bhliain an costas as plódú don chuideachta. Leanann gach duine atá páirteach in oibriú na seirbhíse sin trí imthosca timpeallachta chomh crua sin ag déanamh sár-obair. Ó bheidh na hoibreacha sin críochnaithe ba chóir go bhfeicfí feabhas ar ghluaiseacht seirbhíse bus tríd an gcathair.

Leanfar den phlé ar raon na dtionscadal tosaíochta bus eile le foireann nua Ghréasán Busanna Ardchaighdeáin (QBN) Comhairle na Cathrach a bunaíodh chun a n-obair iomlán a dhírú isteach ar scéimeanna a dhearadh chun na pointí cúnaga sin a mhaolú agus bearta ardchaighdeáin bus agus tosaíocht bus a thabhairt isteach chun feidhmíocht na seirbhíse bus a fheabhsú. Beidh foireann an QBN ag feidhmiú líon ardaithe de scéimeanna substaintiúla in 2004 agus beidh a bpáirt le himirt ag Bus Átha Cliath chun go n-éireoidh leo sin trí níos mó busanna agus seirbhíse a chur ar an mbóthar. Tá an cheist seo faoi bhráid na Roinne Iompair le haghaidh cinnidh.

Tá léirithe ag an mbus, dá bhrí sin, go bhfuil ar a chumas custaiméirí breise a mhealladh nuair is cuid den phacáiste Conairí Ardchaighdeáin Bus é. Léiríonn taighde custaiméirí freisin go bhfuil carr ag céatadán maith d'úsáideoirí nua busanna ach go roghnaíonn siad taisteal ar an mbus nuair a bhíonn QBCanna ann agus go mbaintear an t-am aistire is fearr amach. I gceantar Bhaile Átha Cliath, leanfaidh an bus dá bhrí sin ina chapall oibre ar feadh go leor blianta le teacht agus beidh sé ag déanamh sciar suntasach d'aistire chomaitéara. Tá Bus Átha Cliath ag tnúth le tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo de réir mar a ghluaiseann sé chun cinn.

Díolacháin agus Seirbhíse

D'éirigh go han-mhaith leis an méadú ar dhíolacháin ticéad réamhíochta atá ardaite 75% ó 1999, leis an ioncam méadaithe 15% do 2003 ann féin. I láthair na huairé, léiríonn ticéid réamhíochta os cionn 28% de na díolacháin ar fad - sin athrú 2% eile in 2003 ó airgead tirim go dtí ticéid réamhíochta. Is iad na príomhchúiseanna leis an tóir atá orthu ná go bhfuil siad éasca le húsáid agus solúbtha, chomh maith le lascaire as cuimse a bheith ag baint leo. Chun buntáiste a bhaint as sin, tá an raon ticéad simplithe ag Bus Átha Cliath agus an líon áiteanna díolacháin méadaithe ó bhreis is 100 i rith 2003 go dtí 350.

Tá fás tagtha freisin ar dhíolacháin ticéad TaxSaver, ó €3.4 milliún in 2002 go dtí €5.5 milliún in 2003, le os cionn 1,000 cuideachta ag baint leasa as an gcóras. Ceadaíonn dreasacht TaxSaver d'fhostaithe agus d'fhostóirí araon leas a bhaint as sábháil shuntasach cánach ar thicéid mhíosúla agus bhliantúla bus agus iarrnóid.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Tá tús curtha ag Bus Átha Cliath le síneadh ar bhealaí trasna lár na cathrach; chun faoiseamh a thabhairt do chríochfoirt phlódaithe agus chun feabhas a chur ar sheirbhís custaiméirí trí níos mó deiseanna idirairistithe agus rochtana a thabhairt. Tá oibríocht shubstantiúil agus rathúil chun teacht in áit sheirbhísí DART ag deirí seachtaine i bhfeidhm ón 3ú Deireadh Fómhair, 2003 agus leanfar díobh i rith 2004.

Tionscnaimh Idirlín agus SMS

Baineann os cionn 100,000 duine úsáid as láithreán gréasáin Bhus Átha Cliath — www.dublinbus.ie — in aghaidh na míosa chun ticéid a cheannach ar líne agus chun léarscálacha agus amchlár a lorg agus chun bealaí a phleanáil. Is tionscnamh nua SMS é BUSTXT a seoladh i mí Iúil 2003 agus faigheann úsáideoirí gutháin phóca eolas amchláir téacs ar aon bhealach bus. Bhí úsáid bainte as an tseirbhís téacs 102,000 uair faoi Mhí na Nollag.

Inrochtaineacht

Tá Bus Átha Cliath ag comhlíonadh a thiomantais do dhaoine le lagú gluaiseachta trína chinntiú go mbíonn lán-inrochtaineacht chuig gach bus a cheannaítear don fhlít. I 2003 bhí 41% de fhlít na cuideachta lán-inrochtaine agus tá roinnt bealaí lán-inrochtaine nua le seoladh go luath in 2004.

ISO 9001

I rith na bliana freisin fuairamar creidiúnú do ghradam ISO 9001 inár Roinn Ardchaighdeán agus Tráchtála. Bhí torthaí obair an ISO 9001 sin cuiditheach lena aithint cén áit a bhféadfaí feabhsúchán incriminteach breise a bhaint amach i mbainistiú na gcóras agus na nósanna imeachta agus i soláthar faisnéise don chustaiméir.

Plean Gníomhaíochta Comhionannais agus Éagsúlachta (2003 - 2005)

Sheol Bus Átha Cliath a Phlean Gníomhaíochta Comhionannais agus Éagsúlachta don chuideachta. Is ann don phlean gníomhaíochta seo lena chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na ceanglais reachtach ar fad agus go bhfeictear é mar léiriú ar an sochaí ilchultúrtha ina mairimid anois. I láthair na huaire tá 200 tiománaí againn de bhunadh 45 tíortha difriúla.

Timpistí

Bhí laghdú suntasach ar an líon timpistí agus líon éileamh i rith na bliana. Bhí laghdú 9% ar thimpistí in 2003 i gcomparáid le 2002, agus bhí an cõimheas éilimh/timpiste laghdaithe freisin. Tá sé sin amhlaidh mar thoradh ar infheistíocht mhéadaithe in oiliúint, dreasachtaí tiomána, cláir fheasachta foirne, bainistiú forghníomhach agus freagra dearfach ón bhfoireann. In ainneoin na dtreochtaí dearfacha sin, tharla timpiste thragóideach ar Ché Wellington an 21ú Feabhra, 2004 ina raibh dhá bhus, agus ar maraíodh cúigear dá bharr agus ar gortaíodh roinnt daoine go dona.

Tionscadail Chaipitil

Leis an gClár Forbartha Náisiúnta (NDP) bhíothas in ann raon tionscadal a dhéanamh. I Lúnasa 2003 cuireadh tús leis an tógáil ar gharáiste nua ag Harristown, in aice le hAerfort Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh sé críochnaithe i nDeireadh Fómhair 2004 fóntaigh sé ar os cionn 240 bus agus líon iomlán foirne de thart ar 700. Cosnóidh ceannach láithreáin 4.45 heachtár agus tógáil an gharáiste €42.8 milliún.

Busanna Breise

Seachadadh 90 bus nua dhá stóir i rith na bliana.

Córas nua raidió truncaithe

Tugadh isteach córas nua raidió truncaithe ar fud na flít a thugann deis do theagmháil dhíreach idir maoirseoirí agus tiománaithe agus cuirfidh le cumarsáid níos fearr agus ardchaighdeán seirbhíse.

Binsemharcáil Idirnáisiúnta

Rangaíonn tomhas neamhspleách ardchaighdeán Bhus Átha Cliath níos airde ná formhór oibrítheoirí na hEorpa a fhaigheann maoiniú i bhfad níos fearr ná a fhaigheann Bus Átha Cliath. Tá ag éirí leis an gcuideachta in ainneoin ceann de na leibhéil íocaíochta is ísle PSO a bheith aici agus go gcaithfidh sí aghaidh a thabhairt ar na leibhéil trangleim tráchta is measa san Eoraip.

Rangaíonn anailís neamhspleách Bus Átha Cliath anois sa cheathrú uachtarach de gach cuideachta bus ar fud na hEorpa nuair a thomhastar é ó thaobh sástachta custaiméirí, compord agus sábháilteacht, a mhéad is féidir brath ar an tseirbhís, ardchaighdeán flít agus minicíocht seirbhíse agus iompar foirne.



Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Tá sé tugtha chun suntais sa tuarascáil is déanaí ó na comhchomhairleoirí Indecon agus Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta Mheastóireacht Lár-Théarma an Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 gur luach maith don infheistíocht a bhí i gceist i rannpháirtíocht an bhus le trí bliana anuas i gCóras Iompair Bhaile Átha Cliath agus sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma gurb í an tslí is costas-éifeachtaí i chun iompar poiblí a fheabhsú.

Clár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath

Sheol an chuideachta freisin Clár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath ar ar fhreastail os cionn 30 eagraíocht mar ionadaithe ar obair don óige, sláinte, ospidéal agus pobail áitiúla. Tagann an obair sin ar fad faoin mbrat 'Bus Átha Cliath ag fónamh don phobal ina iomláine'. Leathnófar an clár sin freisin sna blianta atá ag teacht.

BUS ÉIREANN

Maidir le Bhus Éireann léiríonn an bhliain faoi athbhreithniú feabhsúcháin as cuimse ó thaobh sheasamh airgeadais na cuideachta, ó easnamh de €9.4 milliún in 2002 go dtí barrachas de €1.5 milliún in 2003.

Thaispeáin an bhliain ardú leanúnach ar líon na gcustaiméirí chomh maith le leibhéal níos airde sástachta custaiméirí. Sin an toradh a bhí ar nuálacht leanúnach i réimsí mar phleanáil aistir ar an láithreán gréasain agus ríomhthiceid Buyonline@buseireann.ie.

Bhí feabhsúcháin freisin ar mhinicíocht seirbhíse, infheistíocht leanúnach i mbusanna nua, lena n-áirítear busanna cathrach lán-inrochtaine, chomh maith le feabhsúcháin bhreise ar shaoráidí custaiméirí ag roinnt suíomh ar fud na tíre.

Lean Bus Éireann de bheith ag tógáil, ag nuachan agus go leanúnach ag feabhsú a ghréasán lánpháirtithe seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí agus tá sin déanta ag rátaí comparáideacha íseal fóirdheontais agus ar tháillí comparáideacha íseal.

Chomhaontaigh Bus Éireann agus an Roinn Iompair Meamram Tuisceana ar Leibhéal agus Spriocanna Seirbhíse do 2003. Bhain an chuideachta amach gach ceann de na spriocanna feidhmíochta atá leagtha amach sa Mheamram, agus sháraigh iad.

Ardú ar an Líon Custaiméirí

Lean líon paisinéirí Bhus Éireann ag ardú le cúig bliana anuas agus sin ag rátaí a bhí go suntasach níos airde ná in áiteanna eile san Eoraip. Is gné mhór é an gréasán lánpháirtithe náisiúnta de sheirbhíse Expressway, comaitéara, cathrach agus tuaithe den fhás mór sin, agus seachadann sé rogha leathan seirbhíse chuig raon thar na bearta de chinn scríbe faoin tuath in Éirinn.

Ó 1998 i leith, tá an líon paisinéirí ar bhealaí Expressway agus comaitéara ardaíthe 40%. Ar sheirbhíse cathrach Bhus Éireann,

mar thoradh ar mhinicíochtaí níos airde a bheith á dtairiscint agus uasghradú leanúnach na flít, tá méadú de 13% tagtha ar an líon paisinéirí a iompraíodh le cúig bliana anuas.

Is é an líon paisinéirí do 2003 ná: bealaí comaitéara/áitiúla, 17.8 milliún; bealaí cathrach, 21.4 milliún; Expressway/Eile, 9.2 milliún.

Tháinig méadú ar an líon paisinéirí Iompair Scoile den chéad uair le roinnt blianta le 43.6 milliún aistear leanaí scoile sa scéim.

Ceannach Ar-Líne

Ba é Bus Éireann an chéad chuideachta san Eoraip chun ticéadú leictreonach a fhorbairt trí chóras nuálach a chuireann ar chumas an chustaiméara deimhniú a phriontáil agus é a mhalartú ar thicéad ar a dhul isteach ar an mbus. Tá an tsaoráid ceanaigh ticéid ar-líne leathnaithe anois agus áirítear ann áirithintí ticéad ar-líne, suíochán a chur in áirithe agus ticéid a cheannach do sheirbhíse Euroline go dtí an Bhreatain.

Tá fáil ar cheannach ticéad ar líne idir 600 suíomh difriúla; mar shampla, is féidir ticéad amháin a cheannach d'aistear ón Daingean go dtí na Cealla Beaga, ag taisteal le cónascadh gan bhearna de sheirbhíse Expressway agus áitiúla, ar lascaine shuntasach ar shuim na dtáillí aistir aonair.

Cairt Chustaiméirí

Rinneadh an ceathrú iniúchadh neamhspleách ar fheidhmíocht i gcomhlínadh tiomantais a tugadh sa Chairt Chustaiméirí i rith na bliana. Bhí ráta sástachta foriomlán na gcustaiméirí le feidhmíocht tomhaiste ó thaobh spriocanna na Cairte Custaiméirí ardaíthe 3% ar an mbliain 2002 agus 9% ar an mbliain 2000.

Léirigh taighde margaidh ar leithligh ar fheidhmíocht fhoriomlán Bhus Éireann ráta sástachta custaiméirí fíor-ard de 91%.

Forbairt Seirbhíse

Áirítear ar fheabhsúcháin ar sheirbhíse Expressway i rith 2003 ceithre sheirbhíse dhíreacha laethúla idir Gaillimh agus Aerfort na Sionainne, chomh maith le seirbhíse breise ar bhealaí Baile Átha Cliath/Cluain Meala, Baile Átha Cliath/Béal an Átha, Baile Átha Cliath/Sligeach agus Corcaigh/Cill Chainnigh

Tugadh isteach seirbhíse comaitéara ard-mhinicíochta ar an mbealach nua Baile Átha Cliath/Cill Déagláin. Tugadh isteach seirbhíse nua comaitéara idir Baile Átha Luain agus Baile Átha Cliath, agus idir Baile Átha Luain agus Gaillimh, den chéad uair. Tugadh isteach seirbhíse déanach san oíche ar an mbealach Baile Átha Cliath/Droichead Átha, le seirbhíse nua déanach san oíche don tréimhse roimh an Nollaig ar bhealaí Baile Átha Cliath/An Droichead Nua, Baile Átha Cliath/An Uaimh agus Port Láirge/Trá Mhór.

I gCorcaigh, síneadh an tseirbhíse ó Lár na Cathrach go dtí Wilton

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

chomh fada le tailte an Ospidéal Réigiúnaigh agus feabhsaíodh an mhinicíocht. Méadaíodh na minicíochtaí seirbhíse ar bhealaí go Carraig Uí Leighin agus Mainistir na Corann.

Bhuaigh an chuideachta conradh trí bliana ó Chomhairle Cathrach Chorcaí le hoibriú mar sheirbhís tointeála bus "Park & Ride" ag nascadh carrchlós nua ag Black Ash le lár na cathrach. Tugadh an conradh ar thairiscint i gcomórtas oscailte agus cuireadh tús leis an tseirbhís, ag baint úsáide as feithiclí inrochtaine dhá stór, go luath in 2004.

Plódú Tráchtá agus Bonneagar

Tá dochar á dhéanamh go leanúnach ag leibhéal plódú tráchtá atá ag éirí níos measa don mhéid is féidir brath ar sheirbhísí Bhus Éireann. Ní le seirbhísí cathrach amháin a bhaineann an ghné sin ach baineann sé le bealaí comaitéara achar fada agus bealaí Expressway chomh maith.

Mheas staidéar eile a rinne comhchomhairleoirí neamhspleácha - BDO Simpson Xavier - gur chuir plódú tráchtá costais bhreise os cionn na gcostas inchomparáide Eorpacha de €19.2 milliún ar oibríochtaí na cuideachta i rith na bliana, méadaithe ó €17.8 milliún i 2002.

Cé go bhfuil an ráta méadaithe sna costais bhreise sin níos moille ná roimhe seo - is €12.6 milliún an figiúr a bhí do 2001 - cuireann méid na gcostas breise sin béim ar an ngá atá le réimse i bhfad níos leithne d'fheabhsúcháin bhonneagair agus de bhearta tosaíochta bus a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh na custaiméirí sochar iomlán a bhaint as an infheistíocht shubstaintiúil atá déanta ag Bus Éireann ina fhlít agus ina shaoráidí.

Caithfear tacaíocht an Stáit de €22.9 milliún do Bhus Éireann a chur sa chomhthéacs nach bhfuil sreabhadh tráchtá in Éirinn inchomparáideach leis an sreabhadh tráchtá a bhíonn go ginearálta san Eoraip, go bhfuil costais ag baint leis, as a leanann seirbhís nach bhfuil chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil.

Mar shampla, bhí an meánluas oibríochta a bhí ag busanna i gcathracha na hÉireann go maith faoin meán idirnáisiúnta de 23.1 cileaméadar san uair. Is iad na figiúirí comparáideacha do sheirbhísí cathrach Bhus Éireann ná: Corcaigh, 11.9 kph; Gaillimh, 13.7 kph; Luimneach, 14.4 kph; Port Láirge, 14.5 kph.

Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn an chuideachta roimh an gclár feabhsúcháin bóithre, agus tugann lántacaíocht dó, atá geallta ag an Rialtas. Go háirithe, tá fáilte speisialta roimh mhaoiniú a leithdháileadh d'fhorbairt deich gcinn de "bhealaí glasa" i gcathair Chorcaí i gcomhthéacs thógáil ar uasghrádú flít agus feabhsúcháin minicíochta seirbhíse atá ar bun ag Bus Éireann le cúig bliana anuas.

Uasghrádú Flít

Lean an chuideachta ag infheistiú in uasghrádú ar an bhflít, agus seachadadh 40 feithicil nua i rith 2003 agus 38 feithicil eile

seachadta ag deireadh na bliana.

Chuaigh 10 mbus cathrach nua i mbun seirbhíse i gCorcaigh i rith na bliana, bhí dearadh urláir íseal orthu agus bhí lánrochtain orthu, ag teacht le beartas na cuideachta gan ach busanna lánrochtana a cheannach do sheirbhísí uirbeacha. Tar éis na feithicilí sin a fháil, tá lánrochtain ag daoine a bhfuil lagú gluaiseachta orthu, lena n-áirítear úsáideoirí cathaoireacha rothaí, ar 92% de fhlít bus cathrach Bhus Éireann. Rinneadh uasghrádú ar fhlít cóistí Expressway trí 30 cóiste nua a sheachadadh.

Seachadadh 38 feithicil athsholáthair nua do bhealaí coimiteara ag deireadh na bliana - 24 cóiste coimiteara do bhealaí i limistéir Chorcaí, na Gaillimhe agus Luimnigh agus 14 feithicil lánrochtana dhá stór do bhealaí i mórcheantar cúlchríche Bhaile Átha Cliath. Chuaigh siadsan i mbun seirbhíse ina dhiaidh sin in 2004.

ArdOiliúint Tiomána

Ba léir an sochar a bhí ann don bhaint a bhí ag an gcuideachta leis an Institiúid d'Ardoiliúint Thiománaithe (IAM) i rith 2003, a mhéad gur leanadh den laghdú ar an líon timpistí a d'fhéadfaí a sheachaint. Is é an chéad chéim eile sa Chlár Tiomána Sábháilte agus Cosantach ná cúrsaí Tiomána Cosantach a chur i bhfeidhm dá bhfuil CD-Rom saindeartha críochnaithe mar aon le hoiliúint ar an mbóthar.

Cuireadh tús leis an gcúrsa i mBainistiú Custaiméirí agus Cúram Custaiméirí sa bhliain 2003 agus leanantar de. Bhí modúil ar chúram custaiméirí, ceisteanna míchumais, seiceáil sábháilteachta feithiclé etc. mar chuid de gach cúrsa.

Leanadh den Chlár Feasachta Míchumais don fhoireann ar fad in 2003. Chomh maith leis sin, tá an clár leathnaithe chun tiománaithe na gconraitheoirí agus tiománaithe busanna scoile a oibríonn seirbhísí do leanaí le riachtanais speisialta a chur san áireamh.

Sábháilteacht

Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí agus na foirne fíorthábhachtach do Bhus Éireann. Bhí toradh le feiceáil ar an infheistíocht in ardoiliúint tiománaithe in 2003 le laghdú de os cionn 4% agus 10% faoi seach ar rátaí timpiste feithicilí agus custaiméirí. Ní raibh aon thimpiste tráchtá bóthair ann lena bhain seirbhís sceidealta Bhus Éireann nó feithicilí na seirbhíse iompair scoile i rith na bliana agus inar bhásaigh duine éigin dá bharr.

Inrochtaineacht

Le cabhair ó mhaoiniú ón mir inrochtaine den Phlean Forbartha Náisiúnta, rinneadh obair i rith na bliana do chustaiméirí a bhfuil lagú gluaiseachta ag gabháil dóibh ar roinnt stáisiúin bus chun rochtain a fheabhsú agus a éascú. Is iad na stáisiúin a bhain buntáiste as na tionscadail feabhsúcháin inrochtaine ná Baile Átha Cliath (Busáras), Gaillimh, Droichead Átha, Dún Dealgan, Muineachán agus Sligeach.

Is €3 mhilliún an méid iomlán a caitheadh ar thionscadail inrochtaine. Tá sé beartaithe tús a chur ar thuilleadh oibre

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

athchóirithe ag Busáras agus nuachóiriú an stáisiúin bus i gCorcaigh i rith 2004.

Iompar scoile

I rith 2003, d'oibrigh Bus Éireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dlúth le chéile chun bearta costas-éifeachtacha a thabhairt isteach ó thaobh sholáthar seirbhísí scoile. Chabhraigh scoilbhliain chaighdeánach a thabhairt isteach leis sin, a chuir feabhas ar sheirbhísí a chomhordú, agus bhí coigealtas tadhach mar thoradh air sin.

Tugadh isteach 77 seirbhís nua iompair scoile i rith 2003, sa réimse iompair do leanaí le riachtanais speisialta den chuid is mó.

Tá feabhas as cuimse curtha anois ar na seirbhísí scoile a sholáthraíonn Bus Éireann sa réimse speisialta sin le 162 feithicil a bhfuil rochtain ag cathaoirí rothaí orthu.

Bronnadh Gradaim do Thiomáint Shábhailte ar thiománaithe bus scoile den chéad uair in 2003 agus fuair 80% de thiománaithe bus scoile gradam. Chuir busanna na cuideachta agus busanna príobháideacha ar chonradh iompar ar fáil do bheagnach 140,000 leanbh gach lá scoile in 2003. Tá flit iompair scoile cónasctha Bhus Éireann agus busanna ar chonradh comhdhéanta de 3,000 feithicil.

Ó Eanáir 2003, tá 71 bus níos nua-aimseartha foinsithe chun teacht in áit seanbusanna scoile i bhflit bus scoile Bhus Éireann. Chomh maith leis sin, tháinig 12 bus ó fhlit seirbhíse Bhus Éireann, ar ionann sin agus 83 bus athsholáthair á thabhairt isteach sa flit bus scoile le bliain anuas. Sin cuid de chlár leanúnach athsholáthair flit.

SEIRBHÍSÍ EILE

CIÉ Tours International

Lean margadh do thurasóireacht ar bhonn domhanda a bheith crua in 2003. Bhí tionchar mór ag imeachtaí idirnáisiúnta ar nós an Chogaidh san Iaráic agus ráig den SARS ar thurasóireacht an domhain. Bhí áiríntí i rith mhíonna Mhárta agus Aibreán 2003 an-mhall. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar láidriú an euro d'ardaigh roinnt praghsanna in 2003.

Mar sin féin, sa chuid deiridh de 2003, le cabhair ó chaiteachas chur chun cinn i Stáit Aontaithe Mheiriceá, d'fheabhsaigh áiríntí a ndóthain do Thuras CIÉ chun ioncaim buaice de €45 milliún a thairgeadh. Léirigh caiteachas fógraíochta i Stáit Aontaithe Mheiriceá chomh slán sábháilte agus atá Éire mar aon le hardchaighdeán thairgí CIÉ Tours. Tá turasóirí mhargadh Mheiriceá den chuid is mó sa chatagóir caiteachais ard agus cuireann siad go mór le gnó idirnáisiúnta CIÉ Tours agus eacnamaíocht na hÉireann tríd is tríd.

Is mír lárnach i 2003 a bhí in mbainistíocht éifeachtach ar mheaitseáil soláthair ar éileamh tairgthe, i dteannta le rialú dian costais, agus cinntíodh amhlaidh, ar an iomlán, gur lean CIÉ Tours an fheidhmíocht bhrabúsach a bhí aige sna blianta a caitheadh trí

ghlanbhrabús de €0.7 milliún a chruthú in 2003.

Maoin an Ghrúpa

Bhí bliain den scoth in 2003 ag Rannán Maoine CIÉ le méadú de 16.8% ar ioncam cíosa go dtí €11.37 milliún.


Bhí ioncam cíosa ar ligin nua láidir go háirithe agus bíonn ár bpríomhláithreacha ag cothú spéis mhór nuair a bhíonn siad ar fáil d'athligean.

Cuireadh béim ar thábhacht na meaisíní díolacháin le feidhmiú chonradh nua le Coca-Cola.

I rith na bliana fuarthas breithniú do dhíol €25 milliún ar láthair Thamhlachta. Tá tionscadail mhaoine á bhforbairt i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath (Sráid na Bearú), i nGaillimh agus i gCill Chainnigh.

Cuireadh tús faoi dheireadh le hobair ag Duga Spencer ar an gcéad chéim den fhorbairt. Tugadh na limistéir iomchuí ar láimh don Spencer Dock Development Company Ltd. agus cuireadh tús leis na hioncaim táille ceadúnais. Is ann do chead pleanála anois do 32,500 méadar cearnach de spás oifige, 900 árasán agus Ionad Comhdhála Náisiúnta.

Leannann an Rannán Maoine de bheith ag cur comhairle ghairmiúil ar fáil do thionscadail bonneagair éagsúla Iannród Éireann, m.sh. Uasghrádú DART, dúnadh crosairí comhréidh agus uasghrádú ar líne Chill Dara etc. Go háirithe, tá tús curtha le clár rollta chun talamh barrachais a fuarthas don Tionscadal Crosairí Comhréidh a dhíúscairt, le isteach agus amach le 16.2 heicteár díolta in 2003.



Athbhreithniú ar Oibríochtaí

An Gréasán Fógraíochta Comaitéara (CAN)

Mar thoradh ar éileamh d'fhormáidí nua meán agus fógraíochta buan bhí bliain rathúil eile ann do CAN, rannán fógraíochta faoin aer CIÉ. Thairfead an gnó glanbhrabús de €5.8 milliún in 2003, fás 8% ar thoradh brabúis 2002 de €5.3 milliún.

I rith 2003 lean an gnó leis an infheistiú i bhforbairt tháirgí taispeána nua agus nuálacha ar láithreacha seasta (maoin) agus ar láithreacha iompair (bus agus ráille) araon, mhéadaigh cóimheas shoilsiú láithreach agus thug athbhreithniú ar nósanna imeachta sábháilteachta chun críche. Chuir siad sin ar fad le feidhmíocht fhoriomlán an ghnó.

SAINCHEISTEANNA CORPARÁIDEACHA

Fostaíocht

Is 11,997 an líon daoine a bhí fostaithe ag CIÉ ag deireadh 2003 - laghdú de 314 i gcomparáid le 2002. Tharla an laghdú sin ann go príomha de bharr gur tugadh roinnt oibre uasghrádaithe in Iarnród Éireann chun críche.

Rannpháirtíocht Foirne

Is í príomhshócmhainn CIÉ ná an fhoireann. Is é beartas an Ghrúpa an tsócmhainn sin a úsáid a mhéad is féidir trí chultúr obair foirne agus rannpháirteach a fhorbairt go forchéimeach tríd an nGrúpa. Spreagtar an fhoireann le bheith rannpháirteach i rith an Ghrúpa trína bheith páirteach go gníomhach i bhfoirne tionscadail, páirtithe oibre agus tionscnaimh feabhsúcháin seirbhíse atá dírithe ar an gcustaiméir. Foráiltear do cheithre stiúrthóir oibríthe ar Bhord CIÉ.

Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa de bheith ag coinneáil deiseanna chun comhionannas san áit oibre a fheabhsú do na grúpaí ar fad atá clúdaithe ag an reachtaíocht chomhionannais faoi athbhreithniú.

I rith na bliana leathnaigh sé a raon tionscnamh Cóimheá Oibre-Saoil. Tá sé rannpháirteach le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun a chleachtais agus a nósanna imeachta a fheabhsú m.sh. trína bheith ina chomhalta de ghrúpa oibre na hÉagsúlachta san Áit Oibre in IBEC. Bíonn comhchomhairle rialta freisin aige le hIonadaithe eagraíochtaí do dhaoine le lagú gluaiseachta chun tosaíochtaí a chruthú d'infheistióchtaí i saoráidí do ghrúpaí den sórt sin.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Tá sábháilteacht na gcustaiméirí agus na bhfostaithe fíor thábhachtach i ngach gnó de chuid CIÉ. Rinne Coiste Sábháilteachta an Bhoird faireachán ar fheidhmíocht sábháilteachta gach ceann de na cuideachtaí oibríochta i gcomparáid le pleananna sábháilteachta bliantúla foirmiúla. Thacaigh sé go gníomhach le cláir shábháilteachta gach cuideachta agus spreagann sé an rannpháirtíocht is leithne is féidir i gcur chun cinn sábháilteachta agus timpistí a chosc.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn CIÉ a fhreagracht ina chinntiú go gcomhlíontar, i ngach slí ábhartha, forálacha na Rialachán um Íocaíocht Mhall in Idirbheartaíochtaí Tráchtála 2002. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a mbeidh sonraisc dlite a íoc a shainaithint agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí faoi na dátaí sin. Tugann nósanna imeachta den sórt sin deimhniú réasúnach in agaidh neamhchomhlíonadh ábhartha ar na Rialacháin. Ba é an beartas íocaíochta ar fud an ghrúpa in 2003 ná ceanglais na Rialachán a chomhlíonadh.

Beartas Fála

Is ann do Bheartas Fála Ghrúpa CIÉ lena chinntiú go gcomhlíontar Threoracha Fála agus Úsáideanna Poiblí ón AE, chomh maith le beartais an Bhoird agus an Rialtais. Cuireadh mórán gach fáil os cionn na tairseacha cáilíochta ar thairiscint oscailte agus cuireadh isteach in Iris an AE é nuair ba chúil.

Struchtúr an Ghrúpa

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a sholáthraíonn iompar poiblí i bPoblacht na hÉireann. Tá sé faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé chuig an Aire Iompair.

Tá cuideachta shealbháíochta an Ghrúpa eagraithe i gcúig fhochuideachta oibríochta, dhá aonad gnó agus soláthróirí seirbhíse foghabhálacha. Eatarthu soláthraíonn siad seirbhísí do:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Iompar lastais iarnróid
- Lónadóireacht traenach agus talún
- Taisteal cathrach, idirchathrach, tuaithe agus bus scoile
- Iompar lastais bóthair
- Bainistíocht cuain
- Turais ócáide/saoire
- Seirbhísí teagmhasacha:
Bainistiú tionscadal; Maoin;
Dlí; Bainistiú Árachais/Dliteanais.

Soláthraíonn an chuideachta shealbháíochta treoir straitéiseach, rialú agus comhordú foriomlán cé go bhfuil féinriail oibríochta forleathan ag gach fochomhlacht agus aonad gnó.



Córas Iompair Éireann

CIE Tours International Inc.
Fógraíocht Comaitéara (CAN)
Maoin Ghrúpa CIÉ
Bainistiú Árachais/Dliteanais
Seirbhísí Dlí

Iarnród Éireann

InterCity
Bruachbhailte
Comaitéar Aistear Fada
Lastas Iarnróid
Lastas Bóthair
Europort Ros Láir
Lónadóireacht an Ghréasáin (Dubel Ltd.)

Bus Éireann

Expressway
Seirbhísí Tuaithe
Seirbhísí Cathrach Cúige
Seirbhísí Bus Scoile
Tástáil Feithiclí Tráchtála
Frúiliú Príobháideach

Bus Átha Cliath

Seirbhísí Cathrach
Cityswift
City Speed
City Imp
Nitelink
Airlink
Frúiliú Príobháideach

Comhaltaí an Bhoird agus an Ghrúpa Bainistíochta

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina gcomhaltaí den Bhord ag aon tráth i rith na bliana dar chríoch an 31ú Nollaig 2003 nó a ceapadh ina dhiaidh sin leagtha amach anseo. Seachas san áit a léirítear sin d'fhóin siad mar chomhaltaí Boid do bhliain iomlán.

An Dr. J. J. Lynch	Cathaoirleach Feidhmeannach
An tUasal J. Baily	(Ceaptha an 2ú Márta, 2004)
· An tUasal P. Cullen	
· An tUasal G. Charles	
An tUasal G. Duggan	(D'éirigh as an 8ú Nollaig, 2003)
An tUasal D. Egan	(D'éirigh as an 8ú Nollaig, 2003.)
An tUasal P. Ellis	
T. Honan Uasal	LeasChathaoirleach
	(D'éirigh as an 27ú Samhain, 2003)
An tUasal P. Kiely	(D'éirigh as an 8ú Nollaig, 2003, athcheaptha an 2ú Márta 2004)
· A. M. Mannix, Uasal	
· An tUasal B. McCamley	
An tUasal J. Sorohan	(Ceaptha an 2ú Márta, 2004)
M. Walsh, Uasal	
An tUasal N. Wilkinson	(Ceaptha an 2ú Márta, 2004)

· Comhalta Oibrí

Rúnaí an Bhoird

G. Finucane, Uasal,
Stáisiún Heuston,
Baile Átha Cliath 8.
Teileafón + 353 1 703 2008
Faics + 353 1 703 2276

Comhaltaí an Bhoird amhail an 5ú Bealtaine, 2004

An Coiste Iniúchta

An tUasal P. Kiely Cathaoirleach
An tUasal J. Sorohan
An tUasal N. Wilkinson

An Coiste Airgeadais

An tUasal P. Kiely Cathaoirleach
An tUasal P. Ellis
M. Walsh, Uasal

An Coiste Luach Saothair

An tUasal P. Kiely Cathaoirleach
An Dr. J. J. Lynch

An Coiste Sábháilteachta

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach
An tUasal P. Cullen
An tUasal. B. McCamley

An Coiste Maoine

M. Walsh, Uasal Cathaoirleach
An tUasal G. Charles
A. M. Mannix, Uasal

Bainistíocht an Ghrúpa

An tUasal. J. Cullen Príomhoifigeach Airgeadais
An tUasal B. Dowling Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International
An tUasal B. Lilley Stiúrthóir Bainistíochta, Bus Éireann
An tUasal J. Meagher Stiúrthóir Bainistíochta, Iarnród Éireann
An Dr. A. R. Westwell (UK) Stiúrthóir Bainistíochta, Bus Átha Cliath

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus
Iniúcháirí Cláraithe
Plás Wilton,
Baile Átha Cliath 2.

Aturnae

An tUasal M. Carroll,
Teach Bridgewater,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas Rialála Corparáidí

Leagann an Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit amach na prionsabail rialála corparáidí a bhíonn ar chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais.

An Bord

Tá an Bord comhdhéanta de dhá chomhalta déag. Tá folúntas amháin ann áfach i láthair na huaire. Ceapann an tAire Iompair an Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí neamhfheidhmeannacha eile ar an mBord. Ceapann an tAire freisin ceathrar comhaltaí oibrithe do théarma ceithre bliana tar éis toghcháin ag foireann an Ghrúpa.

Bíonn cruinniú ag an mBord go míosúil agus ar ócáidí eile de réir mar is gá. Bíonn sceideal foirmiúil aige de nithe a bhíonn coinnithe go sainiúil dá athbhreithniú, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúla, buiséid, plean corparáideach, fáil shuntasach agus diúscairt, infheistíochtaí agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun eolas bainistíochta a thuirisciú don Bhord, ar bhonn míosúil.

Bíonn rochtain ag comhaltaí uile an Bhoird ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaíochta an Ghrúpa.

Coistí an Bhoird

Bunaítear Coistí chun cabhrú leis an mBord in urscaoileadh a fhreagrachtaí. Tá na coistí comhdhéanta de Choiste Iniúchta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Maoine, Coiste Luach Saothair agus Coiste Sábháilteachta. Tá comhaltaí na gcoistí sin liostaithe ar leathanach 17.

An Coiste Iniúchta

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Iniúchta agus tá sé comhdhéanta de thriúr comhaltaí neamhfheidhmeannacha den Bhord. Bíonn cruinniú aige go tréimhsiúil le bainistíocht shinsearach an ghrúpa, leis na hiniúcháirí seachtracha agus le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha an Ghrúpa, pleananna iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus na torthaí ina dhiaidh sin, roghnú beartas cuntasáíochta, an tuarascáil iniúchta reachtúil, tuairisciú airgeadais lena n-áirítear na cuntais iniúchta bliantúla, agus nithe gaolmhara eile. Tá freagracht ar an gCoiste Iniúchta freisin as athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí seachtracha agus athbhreithniú a dhéanamh ar chineál agus méid na hoibre neamhiniúchta a dhéanann siad lena chunntiú go mbíonn cothromas ceart idir oibiachtúlacht agus costaséifeachtacht. Tá lánrochtain gan srian ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar an gCoiste Iniúchta. Freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus bíonn cruinniú acu go bliantúil leis an gCoiste gan an bhainistíocht i láthair lena chinntiú nach mbíonn aon ábhar imní fós ann.

An Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de thrí chomhalta Boird agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn aige. Bíonn cruinniú aige leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an mbainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chlár caipitil an Ghrúpa, an tosaíocht a thugtar do thograí caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid oibríochta agus caipitil bhliantúla agus ciste an Ghrúpa, fáil agus beartais diúscairthe. Déanann an coiste athbhreithniú freisin ar árachas agus straitéis airgeadais an Ghrúpa. Tá de dhualgas air freisin a chinntiú go gcumasaíonn córais eolais bhainistíochta an Ghrúpa feidhmiú éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Tá freagracht foriomlán ag an mBord as caighdeáin rialaithe airgeadais inmheánaigh an Ghrúpa. Ní féidir leis na córais sin ach dearbhú réasúnach agus nach bhfuil absalóideach a thabhairt in aghaidh aon mhírítis ábhartha nó cailleanais.

Áirítear ar chórais rialaithe foriomlán an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir le teorainneacha údaráis i scríbhinn, deighilt chuí ar dhualgais agus sásraí tuairiscithe chuig leibhéal arda bainistíochta, boird na bhfochuideachtaí, Coistí an Bhoird agus chuig an mBord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar réimsí lárnacha riosca airgeadais lena n-áirítear riosca ciste.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála lena gcuirtear feidhmíocht iarbhir i gcomparáid le buiséad réamhcheadaithe ag deireadh na tréimhse airgeadais agus déantar aon treochtaí nó athruithe suntasacha a imscrúdú. Scaiptear na tuarascálacha sin chuig an mBord ar bhonn míosúil i gcomhair athbhreithnithe.
- Bunú treoirilínte soiléire do cheadú agus rialú chaiteachais caipitil. Áirítear orthu sin buiséid chaipitil bhliantúla a ullmhú a bhíonn ceadaithe ag an mBord i gcomhchomhairle leis an Roinn Iompair, agus staidéir féidearthachta mionsonraithe roimh cheadú ag an leibhéal cuí údaráis (lena n-áirítear an Roinn Iompair do thionscadail mhóra). Do thionscadail mhóra, ullmhaítear tuairiscí rialta dul chun cinn chuig an mbainistíocht agus chuig bord na fochuideachta cuí agus ní mór páipéar dúnta amach foirmiúil a chomhlánú do gach tionscadal suntasach caipitil.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, atá comhdhéanta de stiúthóir agus bainistíocht shinsearach Iarnród Éireann, athbhreithniú ar bhonn míosúil ar thograí tionscadail, na próisis tairisceana agus measúnachta a ghlactar agus an dul chun cinn ar mhórhionscadail caipitil in aghaidh amchlár agus buiséid tionscadail.

Ráiteas Rialála Corparáidí

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa, a bhfuil ról ar fud an Ghrúpa aige, athbhreithniú go córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe seo, cuireann iniúchadh inmheánach béim ar réimsí riosca mór mar a shaináithnítear iad ag an gcreat anailíse riosca. Tá ról agus freagrachtaí an iniúchta inmheánaigh sainmhínte ag cairt atá ceadaithe ag an mBord. Tuairiscíonn Iniúchóir Inmheánach an Ghrúpa go foirmiúil chuig an gCoiste Iniúchta.

Tá Athbhreithniú déanta ag an mBord tríd an gCoiste Iniúchta ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh trí:

- Athbhreithniú ar an gclár iniúchta inmheánaigh (ullmhaithe tar éis an phróisis mheasúnaithe riosca iniúchta) agus breithniú ar na mórchinntí.
- Breithniú ar mhórchinntí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúcháora sheachtraigh, ina bhfuil mionsonraí aon shaincheisteanna ábhartha rialaithe arna saináithint mar thoradh ar a n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tugadh faoi Thionscadal Bainistíochta Riosca ar fud an Fhiontair le cabhair ó chomhchomhairleoirí seachtracha. Leis an bpróiseas sin bhíodas in ann Liosta Rioscaí Tosaithe a chruthú is féidir a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Nuair a bheidh an tionscadal sin críochnaithe, soláthróidh sé an dearbhú go saináithneofar saincheisteanna riosca ábhartha agus go ndéanfar gníomhartha chun an timpeallacht rialaithe a atreisiú. Tá dréacht-Lámhleabhar Bheartas Riosca agus Nósanna Imeachta curtha ar fáil freisin.

Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin

Tá beartais Chóras Iompair Éireann i ndáil le luach saothair chomhaltaí an Bhoird feidhmiúcháin de réir "Arrangements for determining the remuneration of Commercial State Bodies under the aegis of the Department of Public Enterprise", a eisíodh i mí Iúil 1999. Is é an Cathaoirleach an t-aon chomhalta den Bhoird Feidhmiúcháin. Tá a luach saothair sin socraithe laistigh de raon arna chinneadh ag na hAí Airgeadais agus Iompair.

Luach Saothair na gComhaltaí eile

Is é an tAire Iompair a chinneann luach saothair gach comhalta eile den Bhoird i ndáil lena ndualgais mar chomhaltaí Bhoird. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar chomhaltaí Bhoird.

Faigheann comhaltaí boird arna gceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 luach saothair freisin de réir a gconarthaí fostaíochta.

Gnóthas Reatha

Tá comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa le leanúint i mbun gnó don todhchaí intuartha. Ar an gcúis sin, leanann siad de bheith ag glacadh bonn 'gnóthais reatha' d'ullmhú na gcuntas.

Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Cinneann an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin freagrachtaí chomhaltaí Bhoird Chóras Iompair Éireann. Ceanglaíonn an reachtaíocht sin ar chomhaltaí an Bhoird a chinntiú go n-ullmháitear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus caighdeáin chuntasaíocht na hÉireann lena mbaineann, léargas fórcheart ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird a chinntiú:

- go bhfuil beartais chuntasaíochta oiriúnacha roghnaithe agus curtha i bhfeidhm go seasta;
- go bhfuil aon bhreithiúnais nó meastachán a bhíonn déanta réasúnach agus stuama; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go bhfuil taifid chuí cuntasaíochta coinnithe a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Ghrúpa agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais an Achte Iompair, 1950, agus gach Rialachán atá le forléiriú i dteannta leis an Acht mar aon ní amháin.

Tá siad freagrach freisin as céimeanna a ghlacadh atá réasúnta oscailte dóibh chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaíoch agus aon mhírialtachtaí eile a bhrath.

Is iad na bearta a ghlac an Bord lena chinntiú go gcomhlíontar a oibleagáid leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Cinntear freagrachtaí stiúrthóirí fhochuideachtaí an Ghrúpa leis an Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí na gcuideachtaí is infheidhme.

Tuarascáil na nIníúcháirí chuig an Aire Iompair

Mar inniúcháirí ceaptha ag Córas Iompair Éireann faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 le do thoiliú, tá iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 22 go dtí 50 againn, atá ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanaigh 22 agus 23.

Freagrachtaí Faoi Seach Chomhaltaí an Bhoird agus na nIníúcháirí.

Tá freagrachtaí an Bhoird chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí na hÉireann lena mbaineann agus na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 20 i ráiteas de fhreagrachtaí an Bhoird.

Is í ár bhfreagracht ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gcaighdeáin iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta ís infheidhme in Éirinn. Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, ullmhaithe don Aire Iompair, agus dósan amháin, de réir Alt 34 (2) (a) den Acht Iompair, 1950 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscimid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí, thorthaí agus sreabhadh airgid an Ghrúpa. Luaimid cibé an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscimid duit freisin ár dtuairim maidir le cibé ar choinnigh Córas Iompair Éireann leabhair chuntais chúí.

Tuairiscimid freisin duitse, más rud é, inár tuairim, nach nochtáitear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí.

Tá an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil léite againn agus breithnímid ha himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach go bhfuil aon mhíríteas dóchúil nó aon neamhréireachtaí ábhartha sna ráitis airgeadais.

Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne comhaltaí an Bhoird in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca an Ghrúpa, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtáitear go dóthanach iad.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtacht eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Chóras Iompair Éireann agus an Ghrúpa amhail an 31ú Nollaig, 2003 agus ar easnamh agus sreabhadh airgid an Ghrúpa don bhliain dar chríoch amhlaidh.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chúí coimeáda ag Córas Iompair Éireann. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann ag teacht leis na leabhair chuntais.

PricewaterhouseCoopers,

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

Sú Bealtaine, 2004.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

(A) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2003. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil.

Tá athbhreithniú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe sin chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

(B) BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a fhochuideachtaí:

Iarnród Éireann agus a fhochuideachta Dubel Limited

Bus Éireann

Bus Átha Cliath

Déileáiltear le CIE Tours International Incorporated mar chraobh de Chóras Iompair Éireann chun críche cuntasaíochta.

Déileáiltear le Dubel Limited mar chraobh de Iarnród Éireann chun críche cuntasaíochta.

(C) IONCAM

Tá ioncam comhdhéanta de luach comhlán na seirbhísí a sholáthraítear.

(D) SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Is mar seo a leanas an bunús chun dímhéas a ríomh:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra de chórais. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra atá cheana ann, a chothabhálann an acmhainn oibríochta de réir chaighdeáin shainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus cuirtear san áireamh iad ag costas tar éis deontais a bhaint as.

Is é an muirear dímhéasa do na línte agus oibreacha iarnróid an leibhéal measta den chaiteachas bliantúil a

bhíonn riachtanach chun acmhainneacht oibríochta an líonra a chothabháil agus tá sé bunaithe ar phlean bhainistiú sócmhainní Iarnród Éireann - Irish Rail.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a acmhainn oibríochta sa bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus déantar é a dhímheas thar a shaol úsáideach.

(ii) Stoc rollta iarnróid

Déantar innill traenach (ach amháin iad sin a ndéantar lándhímheas orthu nó a fhaightear gan aon chostas) a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

Déantar carranna ráille, an stoc cóistí agus vaigíní a dhímheas freisin, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar costais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, a dhímheas thar a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhonn céatadáin ag laghdú ach a léiríonn úsáid na feithicle trína fad saoil. Déantar costais stairiúla na mbusanna scoile a dhímheas i dtráthchodanna comhionanna bliantúla i rith a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(iv) Feithiclí lastais bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh ag baint úsáide as modh shuim na bhfigiúirí.

(v) Dugaí, cuanta agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar na haicmí thuasluaite de shócmhainní a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(vi) Talamh agus Foirgnimh

Déantar foirgnimh a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe thar fhad saoil caoga bliain. Déantar foirgnimh a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe thar fhad saoil caoga bliain. Cuirtear luachanna de réir na leabhar ar thalamh agus ar fhoirgnimh a ndéileáiltear leo mar stoc trádála san áireamh i sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

(E) SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

(i) Léasanna airgeadais

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chuntasú de réir SSAP 21 (Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costas caipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

thar an téarma léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne. Tá míreanna caipitil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh i gcreidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochair don chuntas brabúis agus cailteanais i rith thréimhse príomha an léasa.

(ii) Léasanna Oibríochta

Déantar iocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

(F) STOIC

Déantar stoic ábhair agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus ullmhaítear do stoic a dhféadfadh a bheith críon amach anseo.

(G) DEONTAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS STÁIT

(i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann

Tá deontais a fuarthas do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann bainte as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a cheanglaíonn go dtaispeánfaí na sócmhainní seasta inlámhsithe ag costas agus as sin deontais agus ranniócaí mar ioncam iarchurtha. Tá an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 i dtuairim an Bhoird, riachtanach do na ráitis airgeadais chun léargas fíorcheart a thaispeáint mar nach bhfuil aon shaol infhoirceanta ag na línte agus oibreacha iarnróid sin agus dá bhrí sin nach ann d'aon bhunús ar a bhféadfaí deontais agus ranniócaí a aithint mar ioncam iarchurtha.

(ii) Deontais agus caiteachas chaipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil a chreidiúnú chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais ioncainm

Glactar deontais ioncainm chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais sa bhliain a mbíonn siad infhaighte.

(iv) Deontais Infheistíochta Sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

(H) AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó cailteanais malartaithe réadaithe ar idirbheartaíochtaí a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

Déantar iasachtaí airgeadra coigríche fadtéarma, lena n-áirítear an chion sin is iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhardaithe, a aistriú ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe (rátaí dúnta) agus cuirtear na gnóthachain nó cailteanais mar thoradh air san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais.

(I) PINSIN

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear é i rith thréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaitheint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasaigh seirbhíse atá fanta chomhaltá na scéime.

Foráiltear do chostas caipitil na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh i gcostas an scaoilte é.

(J) COSTAIS AN BHONNEAGAIR IARNRÓID

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ceanglaítear ar Iarnród Éireann-Irish Rail a chinntiú go gcoinnítear cuntais ghnó na seirbhísí iompair deighilte ó na cuntais do ghnó bhainistiú an bhonneagair iarnróid. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A de Rialachán Uimh. 2598/70 an AE.

An Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais

Bliain dár críoch 31ú Nollaig

	Nótaí	2003 €000	2002 €000
Ioncam	1	661,936	629,788
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(492,957)	(478,507)
Ábhair agus seirbhísí	4	(349,347)	(361,472)
Dímheas	5	(60,753)	(57,226)
Costais oibríochta eisceachtúla	6	(20,099)	-
Iomlán na gcostas oibríochta		(923,156)	(897,205)
Easnamh roimh bhrabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús agus deontais Stáit		(261,220)	(267,417)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	7	784	20,755
Easnamh roimh ús agus deontais Stáit		(260,436)	(246,662)
Ús infhaighte		120	140
Ús iníoctha - Oibríochta	8	(3,363)	(6,074)
- Bonneagar Iarnróid	8	(3,016)	(4,048)
Gnóthachain ar iasachtaí airgeadra coigríche		207	350
Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit		(266,488)	(256,294)
Deontais Stáit	9	262,476	252,724
Easnamh don Bhliain		(4,012)	(3,570)
Easnamh carntha ag tús na bliana		(86,207)	(82,637)
Easnamh carntha ag deireadh na bliana		(90,219)	(86,207)

Tá gluaiseachtaí i gcúlchistí taispeáinte i nótaí 20 agus 21 do na ráitis airgeadais.

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais

Thar ceann an Bhoird

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach
An tUasal P. Kiely Comhalta Boird

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

Amhail an 31ú Nollaig

Nótaí	2003 €000	2002 €000
Sócmhainní Seasta		
Sócmhainní Inláimhsithe	11 1,264,533	1,082,317
Sócmhainní Airgeadais	12 20	21
	<u>1,264,553</u>	<u>1,082,338</u>
Sócmhainní Reatha		
Stoic	13 44,758	48,974
Féichiúnaithe	14 92,172	177,142
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh	58,191	6,142
	<u>195,121</u>	<u>232,258</u>
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	15 <u>(336,016)</u>	<u>(382,892)</u>
Glan-dlíteanais reatha	<u>(140,895)</u>	<u>(150,634)</u>
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha	<u>1,123,658</u>	<u>931,704</u>
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	16 (56,933)	(63,709)
Soláthar le haghaidh dlíteanas agus muirear	18 (158,719)	(146,577)
Ioncam iarchurtha	19 <u>(719,848)</u>	<u>(529,248)</u>
	<u>188,158</u>	<u>192,170</u>
